AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# síolta

## An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

# Lámhleabhar **Síolta**

Suíomhanna i gCúram lae Lán-Aimseartha agus Páirt-Aimseartha | Suíomhanna Seisiúnacha | Ranganna do Naíonáin | Suíomhanna um Chúram Páistí



Caighdeán 1: Cearta an Pháiste 1
Caighdeán 2: Timpeallachtaí 2
Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh 3
Caighdeán 4: Comhairliúchán 4
Caighdeán 5: Idirghníomhartha 5
Caighdeán 6: Súgradh 6
Caighdeán 7: Curaclam 7
Caighdeán 8: Pleanáil agus Meastóireacht 8
Caighdeán 9: Sláinte agus Leas 9
Caighdeán 10: Eagrú 10
Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil 11
Caighdeán 12: Cumarsáid 12
Caighdeán 13: Aistrithe 13
Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas 14
Caighdeán 15: Reachtaíocht agus Rialú 15
Caighdeán 16: Rannpháirteachas an Phobail 16

# Clár


Réamhrá 2

Prionsabail Síolta 5

## Caighdeáin Cháilíochta

Caighdeán 1: Cearta an Pháiste 13

Caighdeán 2: Timpeallachtaí 19

Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh 31

Caighdeán 4: Comhairliúchán 35

Caighdeán 5: Idirghníomhartha 39

Caighdeán 6: Súgradh 49

Caighdeán 7: Curaclam 55

Caighdeán 8: Pleanáil agus Meastóireacht 63

Caighdeán 9: Sláinte agus Leas 67

Caighdeán 10: Eagrú 75

Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil 81

Caighdeán 12: Cumarsáid 87

Caighdeán 13: Aistrithe 91

Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas 95

Caighdeán 15: Reachtaíocht agus Rialú 101


Caighdeán 16: Rannpháirteachas an Phobail 105

Aguisín 1 110
Polasaithe agus Nósanna Samplacha1*

Aguisín 2 112
Liosta Samplach Reachtaíochta agus Rialacháin

# Réamhrá

Fáilte go dtí lámhleabhar Síolta, An Chreatlach *Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige (CNC).* Faoi iamh sa lámhleabhar seo tá na Prionsabail, na Caighdeáin, na Comhpháirteanna Cáilíochta agus na Deiseanna Mhachnaimh atá ina bpríomhchuid de Síolta. Tá sé d'aidhm ag an lámhleabhar seo tacaíocht a thabhairt duit a bheith rannpháirteach sa Chreatlach. Is féidir leat úsáid a bhaint as mar chleachtóir aonair agus tú ag obair le do chomhgheacaithe i do shuíomh oibre féin. Anuas air sin, is féidir leis an gCreatlach feidhmiú mar thacaíocht d'obair i líonra le comhghleacaithe proifisiúnta eile atá ag obair le páistí suas go dtí sé bliana d'aois. Ar na hábhair sa leabhar seo tá:



Tá clár ábhar *Síolta* deartha chun cabhrú leo siúd ar fad a bhfuil baint acu le soláthar oideachais ar ardchaighdeán don luath-óige in Éirinn, le go mbeidh siad rannpháirteach sa turas forbarthach i dtreo feabhsúchán agus saibhriúchán a dhéanamh ar eispéiris saoil páistí óga, nó seans gurb iad seo na heispéiris is tábhachtaí ar fad i saol páistí óga.

Tá baint ag Síolta leis an obair a dhéanann réimse leathan cleachtóirí um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO) beag beann ar chomhthéacs a gcleachtais. Ar a bharr sin, féadfaidh sé eolas luachmhar a chur ar fáil do ghairmithe eile a n-éilíonn a gcuid oibre orthu a bheith ag caidreamh le leanaí óga agus lena dteaghlaigh. Tá sé mar sprioc freisin go mbíonn an t-eolas luachmhar do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, ag tacú leo ina ról mar bhunoideoirí a bpáistí.

Táthar ag súil leis go mbeidh Síolta, chomh maith le hAistear agus Treoirchleachtas Aistear Síolta ina chabhair mhór ar roinnt mhaith leibhéal éagsúil ó thaobh suíomhanna cleachtais de, mar shampla, sna cásanna seo a leanas:

- Mar thacaíocht don chleachtas agus don fhorbairt ghairmiúil aonair;
- Mar fhócas le haghaidh obair fhoirne agus forbairt fhoirne;
- Mar áis don bhainistíocht, don fhorbairt straitéiseach agus d'fhorbairt beartais;
- Mar chomhbhonn le haghaidh idirghníomhaíochtaí i measc fhoireann gairmithe éagsúla.

Tá an leagan seo de *Lámhleabhar Síolta* in ionad na lámhleabhair aonair a bhíodh in úsáid go dtí seo agus baineann sé le:

- Suíomhanna i gCúram Lae Lán-Aimseartha agus Páirt-Aimseartha
- Suíomhanna Seisiúnacha
- Ranganna do Naíonáin
- Suíomhanna um Chúram Páistí

Baineann na prionsabail, na caighdeán agus na comhpháirteanna atá faoi iamh sa lámhleabhar seo leis na suíomhanna luath-óige thuasluaite agus iad inúsaidte i gcás na suíomhanna sin ar fad.

## Réamhrá

Tá **Prionsabail Cáilíochta** Síolta ag teacht go maith leis na prionsabail atá ag Aistear agus léirítear iontu an fhís atá mar bhonn agus thaca ag an gcomhthéacs i dtreo cleachtais ar ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn. Tá siad idirspleách agus níl siad beartaithe le bheith mar Phrionsabail an tseasaimh aonair.  Cuireann siad bonn eolais faoi chleachtas ar ardchaighdeán ach ní áireofar iad sna próisis mheasúnaithe.

Sainmhíníonn na **Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta** cleachtas ar ardchaighdeán laistigh den Chreatlach. Is iad seo na codanna a ndéanfar measúnú orthu. Tá na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna an-ghar dá chéile. Tá líon Comhpháirteanna gaolmhara ag baint le gach Caighdeán a bhriseann na Caighdeáin anuas ina míreanna atá níos sothuigthe. Priontáiltear gach Caighdeán, maraon lena Chomhpháirteanna gaolmhara, ag tús gach ceann de na sé rannóg déag.


Tá líon **Deiseanna Machnaimh** ag gach Comhpháirt ina bhfuil ceisteanna agus urcharphointí ar a dtugtar **'Smaoinigh air'**. Féadfar pointí plé a thabhairt orthu seo, nó moltaí atá ann chun machnamh a spreagadh. Féadfaidh daoine aonair ar mian leo roinnt ama a bheith acu chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre féin iad a úsáid; féadfaidh grúpaí iad a úsáid, bíodh sé laistigh de shuíomh nó i ngréasán níos leithne. Tugann siad fócas le haghaidh plé a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar chaighdeán oibre an duine aonair, ar chaighdeán oibre an tsuímh nó ar chaighdeán oibre i líon suíomhanna eile. Is ceisteanna oscailte iad, níl a leithéid ann agus freagra ceart nó freagra mícheart, agus is é an rud is tábhachtaí ar fad é nach bhfuil boscaí ag dul leo chun tic a chur isteach iontu.  Tá cuid de na Deiseanna Machnaimh roinnte ina ngrúpaí éagsúla de réir má tá aird faoi leith le tabhairt ag aois faoi leith. Má bhaineann na Deiseanna Machnaimh le cleachtas ag gach aoisghrúpa páistí tugtar 'Ginearálta' orthu. Táthar ag súil le go gcabhróidh na Deiseanna Machnaimh leo siúd a bhaineann úsáid as an lámhleabhar seo chun breis ceisteanna a chur agus chun níos mó pointí plé a thógáil a bhaineann lena gcuid oibre féin.

**Ag déanamh crostagairtí** – Agus tú ag baint úsáide as na Comhpháirteanna agus as Deiseanna Machnaimh, feicfidh tú é seo FÉACH agus uimhir/uimhreacha Chomhpháirt in aice leis. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an Chomhpháirt seo ábhartha don cheann a bhfuil tú ag smaoineamh/caint air, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair duit breathnú ar an gComhpháirt sin chun do phlé a shaibhriú. Mar shampla, tá crostagairt i gComhpháirt 2.4 do Chomhpháirt 9.1 FÉACH 9.1 Ciallaíonn sé seo go bhféadfá breathnú ar 9.1 nuair atá tú ag obair le 2.4 agus dul i mbun cainte/machnaimh faoin gcaoi a n-imríonn sé tionchar ar Chomhpháirt 2.4. Cabhróidh sé seo leat breathnú ar gach gné de do chuid oibre.

Forbraíodh agus foilsíodh Aistear, Curaclam na Luath-Óige, sa bhliain 2009, tar éis do Shíolta a bheith ar an bhfód. Déantar cur síos ann ar na cineálacha foghlama agus forbartha atá tábhachtach do pháistí ina luathbhlianta agus luaitear smaointe agus moltaí ann maidir le bealaí a d'fhéadfaí iad seo a chothú.  Téann Síolta agus Aistear lámh le láimh lena chéile. Agus tú ag baint úsáide as Síolta, smaoinigh ar an obair a rinne tú le hAistear agus na nascanna atá idir na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna éagsúla. I réamhrá Treoirchleachtais Aistear Síolta déantar achoimre ar na nascanna atá idir Chaighdeáin Shíolta agus Aistear.

(Féach ar http:). I dTreoirchleachtas Aistear Síolta (www.aistearsiolta.ie) tugtar samplaí de chleachtas a bhaineann le caighdeáin faoi leith agus cuirtear breis nodanna ar fáil chomh maith le huirlisí le haghaidh athmhachnaimh, plé agus pleanáil gníomhartha.

## Céimeanna le húsáid:



- Roghnaigh an Caighdeán is mian leat a bheith ag obair leis ón gClár Ábhar.
- Téigh go dtí rannóg ábhartha an lámhleabhair atá dathchódaithe, agus gheobhaidh tú ansin téacs an Chaighdeáin agus na Comhpháirteanna a théann leis.
- Roghnaigh an Chomhpháirt is mian leat a bheith ag obair léi.
- Téigh go dtí an leathanach ábhartha sa rannóg sin, áit a bhfaighidh tú téacs na Comhpháirte agus an Deis Mhachnaimh.
- **Ag déanamh crostagairtí:** Féach ar leathanach a 3 chun teacht ar fhaisnéis maidir le crostagairtí.
- Léigh go cúramach an Chomhpháirt agus an Deis Mhachnaimh.
- Déan machnamh ar a bhfuil ar siúl agat cheana féin i do shuíomh agus an chaoi a bhfreastalaíonn sé seo ar Chomhpháirteanna agus ar Chaighdeáin.
- Scríobh síos samplaí de dhea-chleachtais atá ar siúl agat cheana féin.
- Déan taifead de smaointe agus pleananna maidir lena ndéanfaidh tú chun feabhas a chur ar do chleachtas.

# Prionsabail Síolta

## FIÚNTAS NA LUATH-ÓIGE

**Is tréimhse shuntasach inti féin í an luath-óige i saol an duine. Ba chóir í a chothú, agus meas, luach agus tacaíocht a thabhairt di ar a son féin.**

Is tréimhse shuntasach inti féin í an luathóige, an tréimhse ó shaolú go sé bliana, i saol an duine. Tá sé de cheart ag páistí eispéiris mhaithe a bheith acu le linn a luath-óige, mar is gá. Tá tacaíocht dhearfach agus acmhainní cuí ag teastáil sa chuid seo de shaol an duine, chomh maith le gach cuid eile de, má táthar chun lán-tairbhe a bhaint aisti. Níor chóir go mbeadh soláthar na dtacaíochtaí agus na n-acmhainní seo ag brath ar éilimh na h-eacnamaíochta, ná ar éilimh na sochaí, ná ar chúiseanna ar bith eile.

## PÁISTÍ AR DTÚS

**Tá indibhidiúlacht, láidreachta, cearta agus riachtanais an pháiste lárnach do sholáthar eispéireas d'ardchaighdeán le linn a luath-óige.**

Bíonn an páiste gníomhach ina c(h)uid forbartha féin trína c(h)uid idirgníomhartha leis an saol. Spreagann cumas an pháiste féin, mar aon lena c(h)uid spéiseanna, a t(h)aithí ar an saol agus an fonn chun neamhspleáchais na hidirghníomhaíochtaí seo. Foghlaimeoir cumasach an páiste ón lá a rugadh í/é, agus cabhraíonn dea-eispéiris le linn a luath-óige le gach aon pháiste an cumas atá inti/ann a bhaint amach. Ba chóir na dea-eispéiris seo a chur ar fáil i slí a thagann le cumais, le riachtanais agus le spéiseanna an pháiste, agus a thacaíonn leo. Tá sé de cheart ag páistí go n-éistfí leo féin agus lena gcuid tuairimí maidir le cúrsaí a bhaineann leo, agus go dtabharfaí aird orthu.

## TUISMITHEOIRÍ

**Is iad na tuismitheoirí oidí príomha a bpáistí agus is iad thar aon duine eile a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste chun cinn.**

Beidh meas ag cúram agus oideachas na luath-óige atá ar ardchaighdeán ar ról na dtuismitheoirí agus tacóidh sé leis an ról sin. Tá sé riachtanach go mbeadh caidreamh macánta, ionraic, urramach ann leis na tuismitheoirí má táthar chun leas an pháiste a chur chun cinn. Cuireann comhpháirtíocht leis an gcomhaontas agus an leanúnachas idir na timpeallachta éagsúla ina mbíonn an páiste le linn blianta a luath-óige. Má tá ceangal agus idirghníomhú ann idir an suíomh luath-óige, na tuismitheoirí, muintir an pháiste agus an comhluadar ar fad, cuireann sé sin le saibhreas eispéireas na luath-óige mar go bhfuil sé ar aon dul leis an dtimpeallacht ina mhaireann agus ina fhásann an páiste.

| CAIDRIMH | COMHIONANNAS | ILÍOCHT |
| --- | --- | --- |
| **Tá sé riachtanach go mbeadh comhchaidreamh tuisceanach, cómhalartach ann nach athraíonn le himeacht aimsire má táthar chun folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste a chinntiú.** | **Buntréith de chúram agus oideachas luath-óige d'ardchaighdeán is ea an comhionannas.** | **Aithníonn suímh luath-óige atá ar ardchaighdeán an éagsúlacht agus cothaíonn siad meas uirthi. Cinntíonn siad freisin go léirítear meas ar fhéiniúlacht chuile pháiste agus chuile teaghlach, go pearsanta, agus ó thaobh chultúr agus teanga dhe.** |
| Beidh tionchar suntasach ag an gcaidreamh a bhíonn ag an bpáiste le daoine taobh istigh dá t(h)impeallacht chóngarach agus dá t(h)impeallacht fhairsing ar a f(h)olláine, a f(h)orbairt agus a f(h)oghlaim. Caidreamh cómhalartach atá sa chaidreamh seo agus tá daoine fásta, páistí eile, muintir an pháiste agus an comhluadar i gcoitinne i gceist anseo. Tá dea-chaidreamh buan, tuisceanach, urramach a mhaireann agus a leanann le himeacht aimsire ina bhunchloch de leas an pháiste. | Buntréith de sholáthar chúraim agus oideachais luath-óige d'ardchaighdeán is ea an comhionannas, mar a mhínítear é in Airteagal 2 de Choinbhinsiún na *Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* (1989) agus sna *hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2004.* Is bunriachtanas é d'fhorbairt iomlán gach páiste in Éirinn. Is gá riachtanais agus cumais faoi leith gach páiste a aithint, agus tacú léi/leis ó lá a b(h)reithe chun cumas an pháiste sin a thabhairt chun bhlátha. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an deis chéanna ag chuile páiste fáil a bheith acu ar sheirbhísí luath-óige, bheith páirteach iontu agus leas a bhaint astu. | Téarma is ea éagsúlacht a mbaintear úsáid as go ginearálta chun tagairt do dhifríochtaí idir páistí faoi leith de thoradh inscne, aois, dath an chraicinn, teanga, claonadh gnéis, eitneachais, inniúlachta, creidimh, cine nó gnéithe chúlra eile de leithéid struchtúr teaghlaigh, cúinsí eacnamaíochta &rl. Ba chóir go léireodh eispéiris luath-óige atá ar ardchaighdeán meas ar an éagsúlacht trí mhothúchán cómhuintearais do chuile pháiste a chur chun cinn taobh istigh d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Ba chóir chomh maith go soláthróidís eispéiris shaibhre a chabhróidh le páistí éagsúlacht shóisialta agus cultúrtha a thuiscint. |

| TIMPEALLACHTAÍ | LEAS | RÓL AN DUINE FÁSTA |
|---|---|---|
| **Bíonn tionchar díreach ag timpeallacht fhisiciúil an pháiste óig ar a f(h)olláine, a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt.** | **Ba chóir slándáil, leas agus folláine gach páiste a chosaint agus a chur chun cinn i ngach uile thimpeallacht luath-óige.** | **Tá ról bunúsach ag an duine fásta i soláthar eispéireas luath-óige atá ar ardchaighdeán.** |
| Is buntáiste don pháiste bheith gníomhach i réimse leathan timpeallachta le linn a luathóige. Ina measc siúd, tá timpeallachta taobh istigh agus taobh amuigh, cinn tógtha agus nádúrtha, sa bhaile agus as an mbaile. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht ar ardchaighdeán agus go gcuirfeadh sé le forbairt agus foghlaim an pháiste agus go saibhreodh sé é. Músclaíonn na heispéiris seo fiosracht agus neamhspleáchas agus cuireann siad le mothúcháin an chómhuintearais. Méadóidh siad meas na bpáistí ar an gcomhshaol chomh maith. | Is tréith de thimpeallacht ar ardchaighdéan é go gcothaítear folláine an pháiste ann. Cuid de seo is ea cosaint an pháiste ó dhíobháil agus cothú leas an pháiste. Chomh maith leis sin, is tréith den ardchaighdeán é go mbíonn deis ag an bpáiste caidreamh muiníneach a bheith aici/aige le daoine fásta agus le páistí eile. Níor chóir go gcuirfeadh cothú slándála isteach ar an réimse leathan eispéireas ba chóir a bheith ag an bpáiste de réir a (h)aoise agus a leibhéil fhorbartha. | Tá cleachtas luath-óige atá ar ardchaighdeán bunaithe ar ról sainiúil an duine fhásta. Tá rí-thábhacht ag baint le cumais, cáilíochta, meon agus taithí daoine fásta agus lena gcumas machnamh a dhéanamh ar a ról. Tá na nithe seo riachtanach chun tacú le heispéiris atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach páiste. Is ról dúshlánach, lárnach é seo i saol an pháiste óig gur gá acmhainn chuí a chur ar fáil dó, agus ba chóir tacú leis agus meas dá réir a bheith air. |

| OBAIR FOIRNE | OIDEOLAÍOCHT | SÚGRADH |
|---|---|---|
| **Is gá go mbeadh comhoibriú, cumarsáid agus meas cómhalartach ann má táthar chun eispéiris luath- óige ar ardchaighdeán a chur ar fáil.** | **Curaclaim agus cláir ghníomhaíochta, a mbíonn cur chuige iomlánaíoch acu d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste, léiríonn siad oideolaíocht sa luath-óige. Léiríonn siad chomh maith go bhfuil an cúram agus an t-oideachas do-scartha óna chéile.** | **Tá an súgradh lárnach d'fholláine, d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste óig.** |
| Is gné thábhachtach de chúram agus oideachas luath-óige den ardchaighdeán é an obair foirne. Is léiriú é ar chleachtas comhoibritheach, comhordaithe i suíomh ar bith. Tá eolas agus comhthuiscint riachtanach don chleachtas ar ardchaighdeán, eolas agus comhthuiscint a roinntear go soiléir i measc na foirne sa suíomh, leis na daoine proifisiúnta eile a bhíonn ag déileáil leis an bpáiste agus leis na tuismitheoirí. Léiríonn siad seo léargas ar an bpáiste 'ina iomláine'. Deimhníonn siad seo chomh maith go gcuirtear caidreamh urramach comhoibre chun cinn i measc na ndaoine fásta go léir atá ag tacú le folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste. Ba chóir go dtabharfadh infreastruchtúr cuí ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, go dtabharfadh sé meas, tacaíocht agus acmhainn d'obair foirne, comhordú agus cumarsáid dá leithéid. | Is téarma é oideolaíocht a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do réimse leathan idirghníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt an pháiste. Tá cur chuige iomlánaíoch aige tríd an cúram agus an t-oideachas araon a chuimsiú. Aithníonn sé cé chomh leathan agus atá an réimse caidreamh agus eispéireas ina dtarlaíonn an fhorbairt, agus aithníonn sé na ceangail eatarthu. Tacaíonn sé chomh maith le coincheap an pháiste mar fhoghlaimeoir gníomhach. Ba chóir tacú leis an oideolaíocht seo taobh istigh de chreatlach solúbtha agus dinimiciúil a thugann aird ar chumas foghlamtha an pháiste 'ina iomláine'. Chomh maith leis sin, tá sé riachtanach agus iad ag cur an oideolaíocht seo i bhfeidhm. | Is meán tábhachtach é an súgradh trína mbíonn an páiste ag idirghníomhú leis an saol mórthimpeall uirthi/air féin agus á thriall chun ciall a bhaint as. Tá na hidirghníomhaíochtaí seo, le páistí eile, daoine fásta, ábhair, eispéiris, agus smaointe, mar shampla, ina mbunús ar fholláine, ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an pháiste. Is foinse lúcháire agus comhlíonta é an súgradh don pháiste. Soláthraíonn sé comhthéacs agus deis thábhachtach chun eispéiris luath-óige ar ardchaighdeán a fheabhsú agus a shaibhriú. Dá réir sin, beidh an súgradh ina phríomhfhócas i suímh luath- óige atá ar ardchaighdeán. |


1 2 3 4 5 6 7 8 9

# Caighdeáin Cháilíochta



# Caighdeán 1: Cearta an Pháiste

Chun a chinntiú go gcomhlíontar cearta gach páiste, is cóir go gcuirtear ar a c(h)umas roghanna a dhéanamh agus a bheith gníomhach as a stuaim féin mar rannpháirtí agus comhpháirtí ina c(h)uid forbartha agus foghlama féin



## Comhpháirt 1.1

**Bíonn deis ag gach páiste roghanna a dhéanamh, cuirtear ar chumas gach páiste cinnidh a dhéanamh, agus bíonn meas ar na roghanna agus ar na cinnidh sin.**

## Comhpháirt 1.2

**Bíonn deiseanna ag gach páiste agus cuirtear ar chumas gach pháiste bheith ina cheannaire, tús a chur le gníomhaíocht, bheith neamhspleách mar is cuí, agus tacaítear le gach páiste fadhbanna a réiteach.**

## Comhpháirt 1.3

**Cuirtear ar chumas gach pháiste páirt ghníomhach a ghlacadh sa ghnáthamh laethúil, i ngníomhaíochtaí, i gcomhráite agus in imeachtaí ar bith eile de réir mar is cuí, agus tuigeann an duine fásta go bhfuil an páiste ina pháirtí aici/ aige**

# Comhpháirt 1.1

**Bíonn deis ag gach páiste roghanna a dhéanamh, cuirtear ar chumas gach páiste cinnidh a dhéanamh, agus bíonn meas ar na roghanna agus ar na cinnidh sin.**

## Deis Mhachnaimh
## Breith - 18 mí

1.1.1 Cén chaoi a ndéanann tú meaitseáil idir do ghnáthaimh chúraim agus gnáthamh agus riachtanais an pháiste?

1.1.2 Cén chaoi a dtugann príomhoibrí an pháiste roghanna an pháiste le fios do dhaoine eile? Féach 13.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Roghanna an pháiste a aithint/a thaifeadadh/a athbhreithniú
- Roghanna an pháiste maidir le hábhair shóláis, amanna codlata, rudaí le bheith ag breathnú orthu, rudaí atá in ann a n-aird a choinneáil &rl.
- Roghanna cuí a d'fhéadfadh páiste a dhéanamh agus í/é ag dul in aois - mar shampla, maidir le bia agus amanna béilí, mionbhéilí, ag déanamh rogha idir dhá bhréagán, &rl

## Deis Mhachnaimh 12 - 36 mí

1.1.3 Cén chaoi a gcothaíonn tú tuiscint an pháiste go bhfuil smacht aici/aige ar a t(h)aithí agus a g(h)níomhaíochtaí laethúla? Féach 5.3 / 5.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Deiseanna don pháiste roghanna a bheith acu agus cinntí a dhéanamh
- Dushláin don duine fásta/suíomh ó thaobh meas a thabhairt do roghanna agus cinntí an pháiste
- Cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhaíocht atá roghnaithe ag an bpáiste (stiúrtha) agus roghnaithe ag an duine fásta (stiúrtha)
- Ag cinntiú go bhfuil an leibhéal rogha atá ann oiriúnach don pháiste
- Deiseanna don pháiste gníomhaíochtaí a phleanáil
- Ag cur ar chumas páiste le deacrachtaí teanga agus cumarsáide a c(h)uid pleananna a roinnt
- Dushláin don duine fásta ó thaobh an pháiste le riachtanais speisialta (mar shampla, scileanna cumarsáide, luaile, &rl) a chumasú chun go mbeidh roghanna acu agus chun go mbeidh siad in ann cinntí a dhéanamh
- Deiseanna don pháiste a c(h)uid pleananna agus gníomhaíochtaí a athbhreithniú
- Ag riar do spéiseanna an pháiste sa ghnáthamh laethúil 2 1/2 - 6 bliain

## Deis Mhachnaimh 2 1/2 - 6 mí

1.1.4 1.1.3 ↖

# Comhpháirt 1.2

**Bíonn deiseanna ag gach páiste agus cuirtear ar chumas gach pháiste bheith ina cheannaire, tús a chur le gníomhaíocht, bheith neamhspleách mar is cuí, agus tacaítear le gach páiste fadhbanna a réiteach.**

## Deis Mhachnaimh
## Breith - 18 mí

1.2.1 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfreagraítear don pháiste go sciobtha nuair a chaoineann sí/sé nó nuair a thugann sí/sé le fios ar bhealach eile go bhfuil aird ag teastáil uaithi/uaidh?

1

Lámhleabhar Síolta

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gnáthaimh chun a chinntiú go bhfaigheann an páiste aird indibhidiúil go rialta agus go minic (seachas mar fhreagra ar ghátar nó ar riachtanais chúraim)
- Ag soláthar cúraim ar bhonn indibhidiúil do gach páiste

## Deis Mhachnaimh 12 - 36 mí

1.2.2 1.2.1 ↖

1.2.3 Cén chaoi a dtugtar deiseanna don pháiste laistigh den ghnáthamh laethúil feidhmiú as a c(h)onlán féin agus a bheith neamhspleách ar bhealach cuí? Féach 7.3

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Deiseanna fadhbanna a réiteach a thagann chun cinn don pháiste i rith ghníomhaíochtaí agus ghnáthaimh an lae
- Na dushláin a dtéann tú i ngleic leo chun a chinntiú go dtógfaidh an páiste, ar bhonn rialta, tús áite agus go ngníomhóidh sí/sé ar leibhéil chuí neamhspleáchais.
- Staid inar roghnaigh, inar eagraigh agus inar thóg an páiste tús áite i ngníomhaíocht, agus tú ag tabhairt tacaíochta don phróiseas agus ag leagan béime ar an toradh i rith an ama Féach7.3
- Ag tacú le gníomhaíocht atá tionscnaithe ag an bpáiste don pháiste le míchumas
- Ag tabhairt deiseanna don pháiste aire a thabhairt dá c(h)uid giúirléidí féin agus dóibh siúd ar leis an suíomh iad
- Ag cur ar chumas an pháiste aire a thabhairt di/dó féin
- An Chomhpháirt seo a chur i bhfeidhm trí spraoi taobh istigh agus taobh amuigh
- An Comhpháirt seo a fhí isteach le hamanna béilí/mionbhéilí agus le hamanna glanadh suas

Féach 2.5 / 2.6 Féach 6.3

## 2½ - 6 bliain

1.2.4 1.2.3 ↖

# Comhpháirt 1.3

**Cuirtear ar chumas gach pháiste páirt ghníomhach a ghlacadh sa ghnáthamh laethúil, i ngníomhaíochtaí, i gcomhráite agus in imeachtaí ar bith eile de réir mar is cuí, agus tuigeann an duine fásta go bhfuil an páiste ina pháirtí aici/ aige**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

1.3.1 Cén chaoi a gcuireann tú ar chumas gach pháiste (an páiste le riachtanais speisialta san áireamh) a bheith rannpháirteach lena c(h)omhghleacaithe?

Féach 5.1

1.3.2 Cén chaoi a dtaispeánann tú mothálacht agus íogaireacht don pháiste nuair atá tú ag deileáil léi/leis? Féach 5.4

## Deis Mhachnaimh - Breith - 18 mí

1.3.3 Cén chaoi a gcuireann tú ar chumas gach pháiste (an páiste le riachtanais speisialta san áireamh) a bheith rannpháirteach lena c(h)omhghleacaithe?

1.3.4 An bhfuil tú in ann cur síos a dhéanamh ar fhreagra a thabhairt do ghnímh an pháiste (mar shampla, plubaireacht, bogadh &rl.) le cion agus le spraoi trí bhaoth-fhuaimeanna, amhráin, cluichí leanbaí, barróga, &rl.?

## Deis Mhachnaimh 12 - 36 mí

1.3.5 Cén chaoi a gcinntíonn tú go nglacann gach páiste páirt sna gníomhaíochtaí comónta ar bhealach atá feiliúnach dá m(h)eon féin? Féach 5.2

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tacú le rannpháirtíocht gach pháiste i ngníomhaíocht ghrúpa?
- Ag láimhseáil deacrachtaí a thagann chun cinn i measc páistí i rith ghníomhaíocht ghrúpa

- Ag déanamh measúnaithe ar an gcéim ar cheart duit idirghabháil a dhéanamh i spraoi páiste chun cúnamh a thabhairt Féach 6.6
- Ag cinntiú go bhfuil an páiste ina p(h)áirtnéir ina c(h)uid foghlama féin i gcónaí
- Na dushláin atá ann duitse agus tú ag cuimhneamh ar an bpáiste mar pháirtnéir
- Ag tabhairt na deise don pháiste tús a chur le gníomhaíocht agus cuireadh a thabhairt do phástí páirt a ghlacadh

→ 2½ - 6 bliain

1.3.6 1.3.5 ↖

# Caighdeán 2: Timpeallachtaí

Timpeallachtaí saibhre, lasmuigh agus laistigh (idir ábhair agus trealamh), bíonn siad dea-choimeádta, sábháilte, solúbtha agus oiriúnach ó thaobh forbartha de. Bíonn siad ar fáil don pháiste agus éasca le teacht orthu. Tairgeann siad réimse éagsúil eispéireas dúshlánach, spreagúil don pháiste.



## Comhpháirt 2.1
**Tá an timpeallacht laistigh agus lasmuigh pleanáilte go maith agus leagtha amach chun freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine fásta go léir sa suíomh.**

## Comhpháirt 2.2
**Tá an timpeallacht (trealamh agus ábhair san áireamh) oiriúnach agus inrochtana do na páistí agus do na daoine fásta go léir sa suíomh.**

## Comhpháirt 2.3
**Tá an comhshaol laistigh agus lasmuigh coinnithe i ndeis mhaith agus cuireann sé timpeallacht chompordach, shuáilceach ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta.**

## Comhpháirt 2.4
**Cuireann an timpeallacht le sábháilteacht na bpáistí agus na ndaoine fásta, laistigh agus lasmuigh.**

## Comhpháirt 2.5
**Cuireann an timpeallacht lasmuigh raon eispéireas atá dúshlánach, éagsúil, cruithaitheach, saibhir agus atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de, ar fáil do gach páiste.**

## Comhpháirt 2.6
**Cuireann an timpeallacht laistigh raon eispéireas ar fáil do gach páiste atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de chomh maith le bheith dúshlánach, éagsúil, cruthaitheach, saibhir.**

## Comhpháirt 2.7
**Tá leordhóthain trealaimh agus ábhar sa suíomh (laistigh agus lasmuigh) le n-úsáid ag páistí ina n-aonar agus ina ngrúpaí.**

## Comhpháirt 2.8
**Déanann an timpeallacht foráil do bhainistíocht shábháilte chaitheamh bhia.**

# Comhpháirt 2.1

**Tá an timpeallacht laistigh agus lasmuigh pleanáilte go maith agus leagtha amach chun freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine fásta go léir sa suíomh.**

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

2.1.1 Cén chaoi a gcomhlíonann leagan amach na timpeallachta laistigh riachtanais na bpáistí agus na ndaoine fásta laistigh den suíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Sábháilteacht
- Príobháideachas (m. sh., seomra foirne, &rl.) Féach 9.5
- Áiseanna codlata agus scíthe
- Teas/soilsiú/feistiú
- Eagrú spás foghlama
- Éascu saor-ghluaiseacht

2.1.2 Cén bealach a sholáthraítear do ghiúirléidí gach pháiste laistigh den suíomh? Féach 1.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Málaí le haghaidh athraithe
- Bugaithe
- Earraí maisíochta
- Crúcaí cótaí ag airde an pháiste
- Siombailí/pictiúir mar lipéid
- Caochóga /seilfeanna le haghaidh giúirléidí pearsanta

2.1.3 Cén chaoi a stiúrtar cuairteoirí isteach agus timpeall an suímh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhartha grúpa taobh amuigh
- Clog/intercom
- Fógra fáiltithe
- Comharthaí treo (i mBéarla, Gaeilge agus teangacha eile, mar is cuí) Féach 14.2
- Comharthaíocht ag airde na bpáistí
- Comharthaí do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí acu léamh agus dóibh siúd le máchail amhairc

## → Breith - 18 mí

2.1.4 Céard iad na háiseanna atá ann i gcóir athrú clúidíní?

2.1.5 Céard iad na háiseanna atá agat chun naíonáin bheaga a bheathú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Príobháideachas i gcóir máithreacha le naíonáin chíche

## → 12 - 36 mí

2.1.6 2.1.4-2.1.5 ↖

2.1.7 Cén chaoi a bhfuil an spás laistigh agus lasmuigh deartha chun freastal a dhéanamh ar pháistí ar bhonn indibhidiúil, i ngrúpaí beaga agus i ngrúpaí móra?

2.1.8 Cén chaoi a dtugann an timpeallacht taobh istigh deiseanna do pháistí agus do dhaoine fásta gluaiseacht go héasca?

## V $2^1/_2$ - 6 bliain

2.1.9 2.1.7-2.1.8 ↖

2

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 2.2

**Tá an timpeallacht (trealamh agus ábhair san áireamh) oiriúnach agus inrochtana do na páistí agus do na daoine fásta go léir sa suíomh.**

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

2.2.1 Cén chaoi a gceadaíonn pleanáil an tsuímh gluaiseacht éasca ó limisteár amháin den suíomh go dtí limisteár eile?

2.2.2 Más infheidhmithe, cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil an suíomh (laistigh agus lasmuigh) inrochtana do gach páiste agus duine fásta le riachtanais speisialta? Féach 14.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Fánáin
- Doirse leithne
- Ráillí láimhe
- Áiseanna athraithe do gach páiste
- Limistéir stórála inrochtana
- Páirceáil
- Spásanna spraoi lasmuigh/laistigh
- Comharthaíocht Féach 2.1
- Áiseanna súl

2.2.3 Cén chaoi a ndéantar na leithris/áiseanna athraithe inrochtana do gach páiste agus duine fásta taobh istigh den suíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Líon sásúil leithreas
- Leithris atá oiriúnach do pháistí
- Áiseanna leithris ar leith do dhaoine fásta
- Rochtain dóibh siúd le míchumas
- Áiseanna athraithe do pháistí le míchumas
- Earraí seomra folctha (boscaí bruscair, tuaillí páipéir, dáileoirí gallúnach leachtach, áit stórála d'earraí, earraí maisíochta)
- Ballaí agus urláir in-nite
- Spás agus príobháideacht

2.2.4 An mbeifeá in ann sampla a thabhairt faoin mbealach a bhfuil an timpeallacht oiriúnach do riachtanais páistí a bhfuil cumais agus cúlraí cultúrtha éagsúla acu?
Féach 14.2 / 14.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cur deiseanna ar fáil do gach páiste a bheith taobh amuigh
- Na critéir atá ann nuair atá ábhair agus earraí á gceannach chun a chinntiú go mbeidh siad inathraithe agus inrochtana do gach páiste
- Ag cinntiú go mbeidh gach páiste, naíonáin san áireamh, in ann rochtain a fháil ar ábhair nádúrtha agus ábhair a rinneadh sa bhaile (m. sh. boscaí cairtchlár, buaircíní giúise, duilleoga, taos spraoi atá déanta sa bhaile, &rl.)

## → 12 - 36 mí

2.2.5 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil páistí in ann an trealamh agus na hábhair a úsáid go neamhspleách? Féach 6.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- pás stórála ar seilfeanna ísle
- Seilfeanna oscailte
- Lipéadú (m. sh., pictiúir, siombailí, &rl.)

## → 2 1/2 - 6 bliain

2.2.6 2.2.5 ↖

# Comhpháirt 2.3

**Tá an comhshaol laistigh agus lasmuigh coinnithe i ndeis mhaith agus cuireann sé timpeallacht chompordach, shuáilceach ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

2.3.1 Cén chaoi a ndéantar an timpeallacht compordach agus taitneamach?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Timpeallacht gheal agus thaitneamach do pháistí agus do thuismitheoirí
- Soilsiú atá feiliúnach don raon gníomhaíochtaí
- Soláthar i gcóir aerú, sna limistéir shláintiúla ach go háirithe
- Suíocháin oiriúnacha do dhaoine fásta atá ag glacadh páirte i raon gníomhaíochtaí le páistí (m.sh., ag beathú le buidéil, ag roinnt leabhar, &rl)
- Tá smacht teirmeastatach ar an teas chun a chinntiú go gcoinneofar an teocht ag leibhéal cuí
- Cothabháil ar spás taobh istigh agus taobh amuigh
- Athbhreithniú rialta ar an timpeallacht

2.3.2 Cén chaoi a n-eagraítear glanadh an tsuímh?

Féach 9.1 / 9.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Uainchlár glanta ar taispeáint
- Seiceanna glanta déanta ag duine ainmnithe
- Nítear go rialta éadaí le haghaidh gléasadh suas
- Glantar/athraítear gaineamh go rialta
- Fógraí faoi lámha a ní ar taispeáint i ngach leithreas
- Tá gnáthaimh shláinteachais phearsanta i bhfeidhm do gach ball foirne agus páiste
- Rialú péisteanna
- Diúscairt dramhaíola
- Níochán

# Comhpháirt 2.4

**Cuireann an timpeallacht le sábháilteacht na bpáistí agus na ndaoine fásta, laistigh agus lasmuigh.**

Féach 9.1

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

2.4.1 Céard iad na nósanna imeachta/gnáthaimh atá i bhfeidhm chun a chinntiú ar bhonn rialta go bhfuil an limistéar spraoi lasmuigh glan agus saor ó chontúirtí?

2.4.2 Cén chaoi a gcinntítear slándáil agus cothabháil an limistéir lasmuigh chun sábháilteacht na bpáistí a chinntiú, mar aon lena gcosaint ó dhíobháil?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Clúdach (m.sh., locháin, claiseanna, seideanna, &rl.)
- Fálú
- Geata isteach nach bhfuil páistí in ann a oscailt
- Claí teorainn
- Laistí geata

2.4.3 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfanann do shuíomh saor ó chontúirtí don tsláinte?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Stóráil ábhair glantacháin/ceimicí/nimheanna
- Stóráil ábhair dramhaíola
- Stóráil leighis

2.4.4 Céard iad na bealaí ina bhfuil an timpeallacht/trealamh taobh istigh deartha chun go n-ísleofar an baol gortuithe do pháistí?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gan aon chúinní géara a bheith ar throscáin nó ar fhearais
- Téiteoirí cosanta ó pháistí chun a chinntiú nach bhfuil aon bhaol ann go ndóifear iad
- Teocht an uisce sna seomraí folctha coinnithe ag teocht oiriúnach (faoi bhun 40° Celsius)
- Pasáistí saor ó chonstaicí
- Soicéid leictreacha clúdaithe/neamh-inrochtana
- Na clúdaigh urláir déanta slán
- Úsáidtear an geata staighre sa chás gur cuí
- Contúirtí tachtacha curtha as an tslí
- Gardaí méire ar dhoirse agus ar chófraí
- Urláir neamh-sleamhnacha
- Gléasanna sábháilteachta ar fhuinneoga agus ar dhoirse
- Gloine sábháilteachta
- Siombailí sábháilteachta cuí
- Seoláin atá ar bogadh a bhaint amach ó fhad láimhe páistí
- Cordaí dallóga agus cuirtíní nach féidir greim a fháil orthu
- Fáil réidh le trealamh briste nó trealamh a bhfuil damáiste déanta dó

2.4.5 An bhfuil gach bealach amach inrochtana agus ag feidhmiú go hiomlán i gcás éigeandála?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comharthaíocht dhátheangach (agus teangacha eile, mar is cuí)
- Áiseanna súl
- Nósanna imeachta aslonnaithe Féach 9.7

2.4.6 An bhfuil an foinse uisce deimhnithe sábháilte le n-ól?

2.4.7 Céard é an bealach ina gcinntíonn tú stóráil ábhar agus trealamh sábháilteachta taobh istigh den suíomh?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ionaid stórála le haghaidh trealamh taobh istigh
- Ionaid stórála le haghaidh trealamh taobh amuigh
- Ionaid stórála slán le hagaidh taifid na bpáistí Féach 10.5 Féach 12.1
- Cófra glasáilte le haghaidh stóráil ábhair chontúirteacha/thocsaineacha
- Stór slán le haghaidh trealamh glantacháin
- Seilfeanna atá sách ard
- Tá seilfeanna atá barrthrom greamaithe don talamh/don bhalla le boltaí nó slánaithe ar bhealach eile

2.4.8 An bhfuil fearas garchabhair iomlán agat a bhfuil rochtain éasca air agus é ar fáil i ngach achar de do shuíomh?

2.4.9 Cén córas atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil brathadóirí deataigh, múchtóirí dóiteáin, rabhcháin tine agus pluideanna tine ag obair i gceart agus go ndéantar seirbhís orthu go rialta?

## → Breith - 18 mí

2.4.10 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhful limistéir shábháilte do naíonáin taobh amuigh?

## → 12 - 36 mí

2.4.11 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil limistéir shábháilte do lapadáin linbh taobh amuigh?

# Comhpháirt 2.5

**Cuireann an timpeallacht lasmuigh raon eispéireas atá dúshlánach, éagsúil, cruithaitheach, saibhir agus atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de, ar fáil do gach páiste.**

Féach 14.2

## Deis Mhachnaimh
### Ginearálta

2.5.1 Cén chaoi a sholáthraíonn agus a gcuireann do shuíomh chun cinn deiseanna don pháiste dul i dtaithí ar an timpeallacht lasmuigh?

Féach 6.3 / 6.5 Féach 7.3 / 7.4

Think about: (e.g.)

- Soláthar spáis lasmuigh
- Rochtain rialta don spás seo
- Na deiseanna do gach pháiste a bheith sa spás lasmuigh a uasmhéadú
- Na dúshláin agus na constaicí a bhfuil tú ag tabhairt aghaidh orthu i dtaobh rochtain a chur ar fáil don timpeallacht lasmuigh
- Straitéisí chun roinnt/gach ceann de na dushláin seo a shárú
- Úsáid na timpeallachta lasmuigh i rith na bliain ar fad a chur chun cinn
- Réimse taithí na timpeallachta lasmuigh curtha ar fáil
- Deiseanna do dhushlán agus 'riosca sábháilte'
- Socrú na timpeallachta chun go mbeidh páistí le feiceáil i gcónaí
- Réimse éagsúil dromchlaí chun cur le taithí an pháiste sa timpeallacht lasmuigh
- Deiseanna do gach páiste cuairt a thabhairt ar thimpeallachtaí eile taobh amuigh nach bhfuil ar fáil sa suíomh féin (m. sh., páirceanna, áiteanna súgartha, siopaí, &rl.) Féach 16.3

2.5.2 Cén chaoi a ndéanann an raon trealaimh taobh amuigh meaitseáil le riachtanais agus cumais an pháiste atá ag forbairt?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cumarsáid
- Idirghníomhaíochtaí Féach 5.1/5.2
- Oibriú le chéile

### Breith - 18 mí

2.5.3 Céard é an raon taithí a chuireann an trealamh taobh amuigh chun cinn do naíonáin?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Spreagadh céadfach
- Lámhacán
- Dreapadóireacht

### 12 - 36 mí

2.5.4 2.5.3 ↖

2.5.5 An bhfuil rochtain ag gach páiste ar na háiseanna leithris ón limistéar lasmuigh?

2.5.6 Céard é an raon taithí a chuireann an trealamh taobh amuigh chun cinn??

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna
- Rith
- Dreapadóireacht
- Cothromú

- Marcaíocht
- Léim
- Doirteadh
- Luascadh
- Spraoi dramatúil
- Tógáil le blocanna
- Spraoi láimhsitheach
- Gníomhaíochtaí ealaíne
- Lámhacán
- Scútáil
- Rómhar agus plandáil

2.5.7 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil dóthain spáis taobh amuigh ag an bpáiste chun go gcothófar fiosracht agus taiscéaladh agus chun solúbthacht spraoi aonair nó spraoi grúpa a cheadú? Féach 6.6

## → 2½ - 6 bliain

2.5.8 **2.5.5-2.5.7 ↖**

# Comhpháirt 2.6

**Cuireann an timpeallacht laistigh raon eispéireas ar fáil do gach páiste atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de chomh maith le bheith dúshlánach, éagsúil, cruthaitheach, saibhir.**

Féach 14.2

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

2.6.1 Cén chaoi a sholáthraíonn tú le haghaidh taispeántais súl?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Clár fógraí
- Limistéir/boird taispeántais
- Limistéar tionscnaimh
- Taispeántais ar airde an pháiste
- Postaeir/ pictiúir/grianghraif
- Íomhanna ón saol réalaíoch
- Saothar na bpáistí (m. sh., péinteáil, tarraingt, tógáil, &rl.)
- Stóráil saothar na bpáistí go dtí go bhfuil sé in am é a thabhairt abhaile
- Taispeántais súl a athrú

2.6.2 Cén chaoi a n-éascaíonn agus a dtacaíonn an timpeallacht le forbairt ghníomhaíochtaí sóisialta agus le hidirghníomhaíocht? Féach 5.1

## → Breith - 18 mí

2.6.3 Céard iad na limistéir/spásanna éagsúla laistigh den suíomh atá á dtairiscint don pháiste? Féach 6.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Limistéar urláir (m. sh., an chuid a bhfuil cairpéad air, dóthain stórála le haghaidh trealaimh [m. sh., bréagáin bhoga, bréagáin naíonán, linn liathróide, leoraithe, ainmhithe feirme, traenacha, blocanna, &rl.])
- Limistéar leabhar (m. sh., cuid chiúin den seomra, solas nádúrtha, suíocháin chompordacha, codanna a bhfuil cairpéad orthu, cúisíní, aonaid taispeántais, puipéid le haghaidh scéalaíochta, leabhair ar fáil i réimse teangacha, leabhair mhóra i réimse leaganacha, córas iasachta, cairtchlár agus leabhair eile buanseasmhacha, nascanna don leabharlann áitiúil, &rl.)
- Limistéar spreagadh céadfaíoch (m. sh., réimse leathan uirlisí ceoil, ag tabhairt aitheantais do réimse éagsúil cultúir, trealamh [téip-thaifeadáin, téipeanna], cineálacha éagsúla ceoil [clasaiceach, ceoldráma, popcheoil, traidisiúnta], scatháin ar na ballaí, ciseáin óir, ábhair cumhráin, stóráil oiriúnach, rainn pháistí traidisiúnta, &rl.)

2.6.4 Cén chaoi a bhfuiltear in ann na limistéir/na spásanna seo a aithint go héasca trí, mar shampla, feisteas, maisiú agus trealamh?

## → 12 - 36 mí

2.6.5 Céard iad na limistéir/spásanna éagsúla laistigh den suíomh atá á dtairiscint don pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

2.6.3 ↖

- Limistéar uisce (m. sh., teocht oiriúnach, uirlisí agus trealamh d'uisce, naprúin, an t-uisce a athrú go laethúil, brat urláir cuí, &rl.)
- Limistéar gainimh (m. sh., cineálacha éagsúla gainimh [gaineamh mín, gaineamh fluich/tirim], soithigh, uirlisí agus trealamh le haghaidh gainimh, méisín deannaigh agus scuab, naprúin, an gaineamh athlíonta agus athraithe go rialta, &rl.)
- Limistéar péinteála (m. sh., saor-phéinteáil go laethúil, boird, tacais, scuabanna, réimse dathanna, réimse páipéir [dath, cruth, comhdhéanamh, méid], trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí grúpa [rolláin, spúinsí, péinteanna méire], &rl.)
- Ábhair collage/ealaíon mangarae (m. sh., aonad stórála, rogha mhór ábhair cruinnithe le chéile ag na páistí, siosúir, gliú agus taosanna, scuabanna, stáplóirí, fáiscíní páipéir, &rl.)
- Limistéar grafaicí/scríbhneoireachta (m. sh., rogha páipéir, cailceanna, gualaigh, criáin, pinn luaidhe, pinn, marcálaithe, samplaí ábhair scríofa, boird agus cathaoireacha feiliúnacha, &rl.)
- Limistéar taos spraoi (m. sh., boird agus cathaoireacha, réimse dathanna, trealamh agus uirlisí oiriúnacha agus líonmhara, naprúin, &rl.)
- Limistéar do bhréagáin ar na boird (m. sh., boird agus cathaoireacha ar mhéid an pháiste, achar stórála íseal, réimse leathan trealaimh [míreanna mearaí, bréagáin snáithe, bréagáin rangaithe, bréagáin sortáil cruthanna], &rl.)
- Cúinne an bhaile (m. sh., sainmhínithe go maith ó na limistéir eile, tarraingteach agus mealltach, troscáin íseal [cócaire, uirlisí cócaireachta, cuisneoir, boird agus cathaoireacha, éadaí gléasadh suas, leabhair agus irisleabhair], cuireann an trealamh an saol atá ag na páistí sa bhaile i gcuimhne [bábóga, foireann tae], &rl.)
- Spraoi ról (m. sh., gruaigeadóirí, oifig an phoist, Gardaí, múinteoir, altra, fear dóiteáin, dochtúir, siopa, bialann, leabharlann, &rl.)
- Limistéir eile do théamaí/spéiseanna ar leith (m. sh., cré, limistéar ríomhaireachta, nádúr, eolaíocht, adhmadóireacht, cócaireacht, &rl.)

2.6.6 Cén chaoi a n-aithnítear na limistéir/spásanna seo go héasca trí fheisteas, maisiú agus trealamh?

## → 2 1/2 - 6 bliain

2.6.7 2.6.5-2.6.6 ↖

# Comhpháirt 2.7

**Tá leordhóthain trealaimh agus ábhar sa suíomh (laistigh agus lasmuigh) le n-úsáid ag páistí ina n-aonar agus ina ngrúpaí.** Féach 6.4

## → Deis Mhachnaimh

2.7.1 Céard é an réimse trealaimh agus ábhair atá cuí ó thaobh na forbartha de atá ar fáil do gach páiste laistigh den suíomh chun tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ábhair chéadfaíocha (m. sh., gaineamh, uisce, taos spraoi, péint [neamh-thocsaíneach], blocanna, &rl.)
- Gníomhaíochtaí fisiciúla (m. sh., siúl ar aghaidh, dreapadóireacht, bogadh tríd, brú, tarraingt &rl.)
- Soithigh lán le nithe le haghaidh taiscéaladh, folmhú agus athlíonadh
- Troscáin (m. sh., boird, cathaoireachta, mataí codlata, &rl.)

2.7.2 Cén chaoi a gcinntíonn an trealamh agus na hábhair go bhfuil riachtanais foghlamtha athraitheacha gach páiste á gcomhlíonadh?

Féach 7.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Méid leordhóthain trealaimh agus ábhair
- Déantar cigireacht rialta air agus athraítear/deisítear é nuair is gá
- An chaoi a dtacaíonn an trealamh agus na hábhair le cur i bhfeidhm an churaclaim nó an chláir ghníomhaíochtaí
- Trealamh agus ábhair a chur ar fáil do pháistí le riachtanais speisialta chun a chinntiú go mbeidh rochtain acu ar an gcuraclam/clár gníomhaíochtaí
- Úsáid a bhaint as teilifíseán/físteipeanna/DVDanna/ ríomhairí chun suim a spreagadh, tuairimí a fhorbairt agus foghlaim a leathnú
- Ag tabhairt aitheantais d'éagsúlacht shochaí níos leithne laistigh den suíomh Féach 14.2

2.7.3 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil an troscán ag airde atá compordach do gach páiste laistigh den suíomh?

2.7.4 Cén chaoi a mbaineann tú úsáid as teilifíseán/ físteipeanna/DVDanna/ríomhairí chun suim a spreagadh, tuairimí a fhorbairt agus foghlaim a leathnú?

2.7.5 Cén chaoi a dtéann an trealamh agus na hábhair i bhfeidhm ar na céadfaí agus an bhfuil siad comhdhéanta as táirgí nádúrtha agus saorga??

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhdhéanamh crua agus bog
- Rudaí a bhféadfar blas agus boladh a fháil uathu
- Rudaí déanta as admhad, éadach, miotal, páipéar, leacht, &rl.

See 6.5

# Comhpháirt 2.8

**Déanann an timpeallacht foráil do bhainistíocht shábháilte chaitheamh bhia.** Féach 9.4

## Deis Mhachnaimh

2.8.1 Cén chaoi a gcinntíonn tú dea-chleachtas sláinteachais i ngach áit a bhfuil bia á stóráil, a ullmhú agus á ithe?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Tá dromchlaí glan
- Baintear úsáid as ceirteanna sláintiúla
- Coinnítear na hurláir glan-scuabtha

2.8.2 Cén chaoi a gcoinnítear an chistin, an limistéar ullmhaithe bia agus an limistéar stórála mar limistéar glan agus sláintiúil laistigh den suíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Bainne cíche tálta
- Buidéil
- Foirmle agus bia naíonáin
- Tá an chuisneoir glan, coinnithe go maith agus tá an teocht ceart
- Tá na cófraí bia agus stórala fionnuar, aeraithe, glan agus sláinteach
- Tá lipéid curtha ar bhia go cúramach
- Nitear agus stóráiltear na soithigh go sláinteach
- Stóráiltear dramhaíl i soithigh le claibíní luiteacha agus faightear réidh leis go rialta

### Caighdeán 2: Timpeallachtaí

- Inrochtanacht ag páistí gan mhaoirseacht
- Garda cócaire agus citil
- Coinnítear sceana agus rudaí géara eile ó fhad láimhe páistí
- Stóráil sábháilte d'ábhair ghlantacháin
- Ballaí agus dromchlaí so-nite
- Córais chun fáil réidh le sreabháin coirp agus ábhair dhramhaíola

# Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh



Chun meas a léiriú ar thuismitheoirí agus ar theaghlaigh agus chun ról a thabhairt dóibh, is cóir go mbeadh cur chuige gníomhach comhpháirtíochta ann agus, mar fhianaise air sin, go mbeadh raon próiseas, polasaithe agus nósanna imeachta ann atá fógraithe go soiléir agus fáil orthu go héasca, agus atá curth



## Comhpháirt 3.1

**Tá deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla cumarsáide ag an bhfoireann agus ag tuismitheoirí sa chaoi gur féidir leo eolas a roinnt faoin bpáiste.**

## Comhpháirt 3.2

**Tá éagsúlacht deiseanna do thuismitheoirí baint a bheith acu le gníomhaíochtaí laistigh de na timpeallachtaí, ag cur raon suimeanna na dtuismitheoirí san áireamh chomh maith leis na hiallacha ama a bhíonn orthu.**

## Comhpháirt 3.3

**Bíonn an foireann freagrúil, tuisceanach i soláthar eolais agus tacaíochta do thuismitheoirí sa ról bunúsach atá acu i bhfoghlaim agus i bhforbairt an pháiste.**

## Comhpháirt 3.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe agus ar na gnásanna go léir a bhaineann le páirtíocht na dtuismitheoirí, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

# Comhpháirt 3.1

**Tá deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla cumarsáide ag an bhfoireann agus ag tuismitheoirí sa chaoi gur féidir leo eolas a roinnt faoin bpáiste.**

## → Deis Mhachnaimh

3.1.1 Cén cineál socruithe atá i bhfeidhm chun cruinnithe foirmiúla rialta a éascú idir tuismitheoirí agus an fhoireann?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cineálacha cruinnithe á n-eagrú do thuismitheoirí ag an suíomh
- Páirt ag an mbeirt thuismitheoirí (sa chás gur cuí)
- Minicíocht na gcruinnithe
- Ag tabhairt freagra d'iarratais ó thuismitheoirí le haghaidh cruinnithe
- Spás le haghaidh cruinnithe/ionad cruinnithe

3.1.2 An bhfuil córas príomh-oibrí á fheidhmiú ag do shuíomh chun cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí a chur chun cinn?

3.1.3 Cén chaoi a scaipeann tú eolas do thuismitheoirí?

Féach 12.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cláir fhógraí
- Sceidil laethúla
- Grianghraif d'eachtraí agus gníomhaíochtaí foirne/na bpáistí
- Cumarsáid bhéil
- Nuachtlitir
- R-phost
- Téacsáil

3.1.4 Cén cineál deiseanna atá i bhfeidhm le haghaidh comhráití rialta neamhfhoirmiúla le tuismitheoirí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cruthú deiseanna le haghaidh idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla le tuismitheoirí
- Ag cur fáilte roimh thuismitheoirí laistigh den suíomh

Féach 14.2

3.1.5 Cén chaoi a dtacaíonn na deiseanna cumarsáide foirmiúla agus neamhfoirmiúla le tuismitheoirí le foghlaim agus forbairt an pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag baint leasa as saineolas tuismitheoirí ar fhorbairt agus foghlaim a bpáiste
- Ag tabhairt eolais do thuismitheoirí faoi fhorbairt agus foghlaim a bpáiste
- Eolas tuismitheoirí a fhí isteach i bpleanáil/measúnú foghlaim na bpáistí
- Ag tacú le tuismitheoirí foghlaim agus forbairt a bpáiste a thuiscint

# Comhpháirt 3.2

**Tá éagsúlacht deiseanna do thuismitheoirí baint a bheith acu le gníomhaíochtaí laistigh de na timpeallachtaí, ag cur raon suimeanna na dtuismitheoirí san áireamh chomh maith leis na hiallacha ama a bhíonn orthu.**

## → Deis Mhachnaimh

3.2.1 Cén chaoi a dtugtar tacaíocht do agus a spreagtar páirt na dtuismitheoirí laistigh de do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Deiseanna do thuismitheoirí a bheith páirteach i mbainistíocht an tsuímh
- Deiseanna do thuismitheoirí a gcuid scileanna agus acmhainní a thabhairt don suíomh Féach 16.4
- Páirt a bheith ag thuismitheoirí bunaithe ar a spéiseanna, a gcumais agus a gcultúir a déanamh éasca dóibh Féach 14.2
- A bheith gníomhach ó thaobh rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh

## Comhpháirt 3.3

**Bíonn an foireann freagrúil, tuisceanach i soláthar eolais agus tacaíochta do thuismitheoirí sa ról bunúsach atá acu i bhfoghlaim agus i bhforbairt an pháiste.**

Féach 12.2

### Deis Mhachnaimh

3.3.1 Cén chaoi a gcuireann tú eolas ar fáil do thuismitheoirí?

Féach 16.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Raon eolais
- Athbhreithniú rialta ar an eolas atá curtha ar fáil do thuismitheoirí
- Freagra d'iarratais shainiúla le haghaidh eolais
- Ag cur tuismitheoirí ar an eolas faoin bhfaisnéis atá ábhartha dá ról lárnach
- Ag tacú le tuismitheoirí in úsáid an eolais seo sa bhaile

3.3.2 An gcruthaíonn tú deiseanna do dhaoine proifisiúnta eile ón bpobal casadh le tuismitheoirí laistigh den suíomh?

Féach 16.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Altra Sláinte Phoiblí
- Garda
- Oifigeach Sábháilteachta Tine
- Daoine proifisiúnta eile

## Comhpháirt 3.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe agus ar na gnásanna go léir a bhaineann le páirtíocht na dtuismitheoirí, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

Féach 10.2 Féach 14.1

### Deis Mhachnaimh

3.4.1 Cén chaoi a mbaineann do shuíomh úsáid as a chuid polasaithe agus nósanna imeachta chun tacú le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cur chun cinn dearfach ról na dtuismitheoirí
- Ag tabhairt ról do thuismitheoirí i mbainistíocht an tsuímh
- Ag cinntiú gur léigh agus gur thuig tuismitheoirí polasaithe agus nósanna imeachta
- Ag tabhairt ról do thuismitheoirí i gcur le chéile polasaithe don suíomh Féach 4.1
- Próisis i gcóir athbhreithniú rialta agus nuashonrú polasaithe
- Do pholasaí a chur i bhfeidhm Féach 4.2
- Doiciméadú nósanna imeachta
- Ag cinntiú go dtuigeann agus go leanann gach duine na nósanna imeachta seo

# Caighdeán 4: Comhairliúchán

Má táthar chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn chuile dhuine rannpháirteach i gcinneadh a ghlacadh, tá gá le comhairliúchán a chuireann rannpháirtíocht chun cinn, a lorgaíonn dearcaidh agus tuairimí páistí, tuismitheoirí, lucht foirne, agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí, a éisteann leo agus a ghníomhaíonn dá réir.



## Comhpháirt 4.1

**Lorgaíonn foireann an tsuímh cabhair agus comhairle ó raon leathan páirtithe leasmhara maidir le próisis déanta cinnidh agus straitéisí ar mhaithe le forbairt agus soláthar na seirbhíse.**



## Comhpháirt 4.2

**Cuireann foireann an tsuímh i bhfeidhm, de réir mar is cuí, comhairle an raon leathan páirtithe leasmhara maidir le próisis déanta cinnidh agus straitéisí ar mhaithe le forbairt agus soláthar na seirbhíse.**

# Comhpháirt 4.1

**Lorgaíonn foireann an tsuímh cabhair agus comhairle ó raon leathan páirtithe leasmhara maidir le próisis déanta cinnidh agus straitéisí ar mhaithe le forbairt agus soláthar na seirbhíse.**

## → Deis Mhachnaimh

4.1.1 Cén chaoi a spreagann tú comhcomhairle leis an bhfoireann, le tuismitheoirí, le páistí agus le páirtí leasmhara cuí eile?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Reáchtáiltear cruinnithe foirne rialta chun go mbeidh na baill foirne in ann a gcuid riachtanas a aithint
- Déantar éasca é do dhaoine fásta a gcuid tuairimí a roinnt trí fhóram cuí (m. sh., cruinnithe rialta grúpaí, boscaí moltaí, ionchur i gcinntí ceannaithe, &rl.)
- Tarlaíonn comhráití ar bhonn rialta atá oscailte agus dírithe ar réitigh a fháil laistigh den suíomh
- Tugtar an deis do thuismitheoirí ionchur a bheith acu maidir le polasaithe agus nósanna imeachta an tsuímh
- Tugtar deiseanna do thuismitheoirí cruinnithe a bheith acu le baill foirne chun forbairt a bpáiste a phlé, mar aon leis an méid atá curtha i gcrích acu agus/nó a c(h)uid riachtanas/deacrachtaí Féach 3.1
- Glacann gach ball foirne páirt in athbhreithniú bliantúil ar an suíomh
- Tugtar an deis do gach ball foirne measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin
- Reáchtáiltear cruinnithe bliantúla, ina dtugtar cuireadh do gach páirtí leasmhara a gcuid tuairimí a roinnt
- Tá lán-ionadaíocht ag tuismitheoirí ar choistí comhairleacha, bainistíochta agus déanta polasaithe Féach 3.2
- Cuardaíonn an fhoireann ionchur ó thuismitheoirí faoin gcuraclam/clár agus an gaol atá aige le forbairt páistí
- Éascaítear idirghníomhaíochtaí le réimse leathan páirtí leasmhara (m. sh., teaghlaigh, co-oibrithe, cúntóirí, seirbhísí eile pobail, oifigigh rialála nó reachtúla eile, &rl.) go paiteanta agus go héifeachtach
- Cruthaíonn daoine fásta deiseanna go gníomhach chun ról a thabhairt do pháistí i ndéanamh cinntí atá cuí dá n-aoiseanna maidir le forbairt an tsuímh Féach 1.1

4.1.2 Cén plean atá ann chun a chinntiú go spreagtar go gníomhach roinnt tuairimí agus barúlacha, agus go dtaifeadtar go cuí iad? Féach 10.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tacú le daoine fásta atá ag obair sa suíomh dul i gcomhairle lena chéile agus mar fhoireann
- Ag cur chun cinn díospóireachtaí i measc páirtí leasmhara ábhartha ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun cinn sláinte agus folláine páistí

4.1.3 Céard iad na straitéisí a mbaineann daoine fásta úsáid astu chun an cumas atá ag páistí a gcuid tuairimí a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann lena dtaithí laethúil a spreagadh agus a thacú?

Féach 5.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ceisteanna oscailte
- Ag tabhairt ama do pháistí machnamh a dhéanamh agus freagra a thabhairt
- Ag tabhairt spreagadh do pháistí a gcuid mothúchán a ainmniú agus a roinnt
- Ag roinnt stiúradh comhráití leis an bpáiste
- Ag tabhairt ról do pháistí in aimsiú/roghnú réiteach faidhbe

4.1.4 Céard iad na deiseanna atá ar fáil do pháistí chun pleananna a dhéanamh agus daoine fásta a chur ar an eolas maidir lena gcuid pleananna? Féach 7.3

4.1.5 Cén chaoi a léiríonn tú/do shuíomh meas ar spriocanna agus ar roghanna tuismitheoirí dá bpáiste? Féach 3.3

4.1.6 Cén chaoi a ndéantar taifead ar ionchur páistí, tuismitheoirí, teaghlaigh agus páirtí leasmhara ábhartha eile ionas go n-imreoidh sé tionchar ar an bpróiseas déanta cinntí?

4.1.7 Cén chaoi a dtugann tú aiseolas do na rannpháirtithe a ndeachaigh tú i gcomhcomhairle leo?

# Comhpháirt 4.2

**Cuireann foireann an tsuímh i bhfeidhm, de réir mar is cuí, comhairle an raon leathan páirtithe leasmhara maidir le próisis déanta cinnidh agus straitéisí ar mhaithe le forbairt agus soláthar na seirbhíse.**

## → Deis Mhachnaimh

4.2.1 Cén chaoi a n-úsáidtear na tuairimí agus na barúlacha a bailíodh trí chomhcomhairle chun gach gné de chleachtas a athbhreithniú agus a athchóiriú go rialta?

4.2.2 Cén chaoi a dtugtar spreagadh don fhoireann freagracht a ghlacadh as cur i bhfeidhm gníomhartha a bhfuil comhaontú orthu? Féach 10.5

4.2.3 An bhfuil lámhleabhar polasaithe agus nósanna imeachta agat a cuireadh i dtoll a chéile i gcomhcomhairle le tuismitheoirí, baill foirne, bainistíocht, agus mar is cuí, na páistí sa suíomh?

4.2.4 Cén chaoi a gcinntíonn tú gur cáipéisí oibre do pholasaithe agus do nósanna imeachta agus go ndéantar athchóiriú agus nuashonrú orthu ar bhonn rialta? Féach 8.1

4.2.5 Cén chaoi a n-imríonn comhcomhairle tionchar ar dhearadh agus ar fhorbairt an churaclaim/an chláir gníomhaíochtaí laistigh den suíomh?

# Caighdeán 5: Idirghníomhartha

Chun idirghníomhartha cuiditheacha (leanbh/leanbh, leanbh/duine fásta agus duine fásta/duine fásta) a chothú, tá gá le polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtas soiléirithe a leagann béim ar luach an phróisis agus atá bunaithe ar mheas cómhalartach, páirtíocht chomhionann agus comhthuiscint.



## Comhpháirt 5.1

**Bíonn ar chumas gach pháiste idirghníomhú lena c(h)omhaoisigh agus le páistí nach bhfuil ar chomhaois léí/leis i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus uaireanta i ngrúpaí móra.**

## Comhpháirt 5.2

**Faigheann gach páiste tacaíocht chuí chun a chur ar a c(h)umas idirghníomhú go dearfach le páistí eile.**

## Comhpháirt 5.3

**Úsáideann an duine fásta gach gné de ghnáthaimh an lae (gnáthaimh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon) chun idirghníomhú go tuisceanach agus go measúil leis an páiste.**

## Comhpháirt 5.4

**Bíonn stíl idirghníomhaithe an duine fhásta dírithe ar phróiseas seachas ar fhorthorthaí agus tá cothromaíocht sa stíl sin idir labhairt agus éisteacht. Tugtar rogha freagraí don pháiste, agus mealltar an páiste chun úsáid níos leithne a bhaint as an teanga. Leantar tuairimí agus suimeanna an pháiste, agus cuirtear dúshláin chuí roimh an bpáiste.**

## Comhpháirt 5.5

**Bíonn idirghníomhaithe na ndaoine fásta atá laistigh den suíomh, nó a bhfuil baint acu leis an suíomh, ina sampla measa, tacaíochta agus chomhpháirtíochta don pháiste.**

## Comhpháirt 5.6

**Tá beartas soiléir scríofa agus nósanna imeachta dá réir ann atá ina mbunús ag an gcleachtas idirghníomhaithe sa suíomh.**

# Comhpháirt 5.1

**Bíonn ar chumas gach pháiste idirghníomhú lena c(h)omhaoisigh agus le páistí nach bhfuil ar chomhaois léí/leis i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus uaireanta i ngrúpaí móra.**

## → Deis Mhachnaimh
### Ginearálta

5.1.1 Cén chaoi a dtugann do phleanáil aitheantas do chumas foghlamtha an pháiste i gcomhpháirt le daoine eile?

Féach 6.6 Féach 7.4

## → Breith - 18 mí

5.1.2 I do chuid gnáthamh cúram, an bhfuil tú in ann a thaispeáint an chaoi a léiríonn tú íogaireacht i leith chomharthaí agus nodanna an pháiste agus an chaoi a bhfreagraíonn tú go cuí, go sásúil agus go seasmhach?

5.1.3 Cén chaoi a gcuireann do chuid idirgníomhaíochtaí le cumas an pháiste idirgníomhú le páistí eile?

5.1.4 Déan cur síos ar an gcaoi a gcothaíonn tú spéis an pháiste (an páiste le riachtanais speisialta san áireamh) i rudaí, ina t(h)impeallacht agus in idirgníomhaíochtaí sóisialta le daoine eile?

## → 12 - 36 mí

5.1.5 **5.1.2-5.1.4** ↖

5.1.6 I rith an ghnáthaimh laethúil, céard iad na deiseanna atá ag gach páiste idirgníomhú le páiste eile nó le grúpa beag páistí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Leagan amach na suíochán
- Leagan amach spáis Féach 2.1
- Ceantair éagsúla ghníomhaíochta Féach 2.5 / 2.6
- Amanna béilí/mionbhéilí
- Amanna glanadh suas
- Am pleanála
- Lasmuigh/laistigh

5.1.7 Céard iad na socruithe atá i bhfeidhm chun go mbeidh páistí in ann meascadh le páistí d'aoiseanna eile?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Deartháireacha/deirfiúracha/cairde/páistí eile a thagann chun spraoi
- Páistí níos sine 'ag tabhairt cúnaimh' do pháistí níos óige
- Camchuairteanna le chéile

5.1.8 Cén chaoi a láimhseálann tú obair ghrúpa laistigh de do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag láimhseáil obair ghrúpa mhóir sa chaoi is go mbeidh gach páiste in ann cúnamh a thabhairt
- Ag íosmhéadú an mhéid ama a chaitheann an páiste i ngníomhaíochtaí grúpa mór/grúpa iomlán
- Gníomhaíochtaí feiliúnacha do ghníomhaíochtaí grúpa mór/grúpa iomlán
- Ag cur ar chumas an pháiste mianach agus fonn cainte agus comhoibriú le daoine eile a fhorbairt

## → $2\frac{1}{2}$ - 6 bliain

5.1.9 **5.1.6-5.1.8** ↖

5

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 5.2

**Faigheann gach páiste tacaíocht chuí chun a chur ar a c(h)umas idirghníomhú go dearfach le páistí eile.**

## Deis Mhachnaimh
### Ginearálta

5.2.1 Céard iad na deiseanna a chuireann tú ar fáil a thugann spreagadh don pháiste idirghníomhú le páistí eile i ngrúpaí eile cosúil lena g(h)rúpa féin agus ar fud an raon aoise i do shuíomh?

5.2.2 Céard é an ról atá agatsa ó thaobh tacaíocht a thabhairt don pháiste idirghnómhú le páistí eile?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Meon indibhidiúil
- Ionannais dearfacha
- An chiall go bhfuil áit ann ag an bpáiste
- Féin-mhuinín Féach 1.2 Féach 14.2

5.2.3 Cén cineál idirghníomhaíochtaí comhoibríocha idir páiste agus páiste eile (nó páistí eile) atá feicthe agat agus a bhfuil nóta déanta agat díobh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Foghlaim
- Comhrá
- Cairdis
- Ag tabhairt cúnaimh dá chéile
- Idirbheartaíocht
- Comhghéilleadh
- Roinnt
- Sealaíocht
- Coimhlint
- Argóint

## Breith - 18 mí

5.2.4 Céard iad na socruithe atá i bhfeidhm chun deis a thabhairt don pháiste teagmháil a bheith aici/aige le páistí eile i gcomhluadar a p(h)ríomh-oibrithe? Féach 9.6

## 12 - 36 mí

5.2.5 **5.2.4** ↖

5.2.6 Céard iad na straitéisí atá i bhfeidhm chun coimhlintí idir pháistí a bhainistiú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tacú leis an bpáiste a bhfuil deacrachtaí aici/aige idirghníomhú le páistí eile
- Staideanna ina raibh baint ag coimhlint le hidirghníomhaíocht
- Ag tabhairt cúnaimh do pháistí coimhlint a réiteach leo féin gan réitigh a bheith á gcur orthu agatsa (m. sh., idirbheartaíocht, comhghéilleadh, éisteacht, ag tabhairt ainmneacha agus aitheantais do mhothúcháin, &rl.)
- Ag tabhairt treorach agus smachta a thacaíonn le páistí
- Súile réadúla a bheith ann d'aois agus d'fhorbairt indibhidiúil an pháiste

## 2½ - 6 years

5.2.7 **5.2.5-5.2.6** ↖

5.2.8 Cén chaoi a gcuireann tú ar chumas an pháiste a bhíonn ag spraoi léi/leis féin go seasmhach idirghníomhú le páistí eile?

5.2.9 Céard iad na bealaí ina n-éascaítear é do pháistí oibriú le chéile i ngrupaí beaga?

# Comhpháirt 5.3

**Úsáideann an duine fásta gach gné de ghnáthaimh an lae (gnáthaimh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon) chun idirghníomhú go tuisceanach agus go measúil leis an páiste.**

## → Deis Mhachnaimh
### 12 - 36 mí

5.3.1 Cén cineál idirghníomhaíochtaí a bhíonn agat leis an bpáiste i rith do ghnáthaimh laethúla cúraim?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Teochroí
- Sábháilteacht
- Atmaisféar ceanúil
- Sult
- Lúchair
- Muirniú/greim (m. sh., compord, beathú, &rl.)

5.3.2 Céard iad na deiseanna eile a chruthaíonn tú gach lá chun idirghníomhú leis an bpáiste i bhfocail agus i mbealaí eile?

5.3.3 Cén chaoi a dtaispeánann tú don pháiste go mbaineann tú taitneamh as do chaidreamh léi/leis a fhorbairt trí spraoi idirghníomhach atá íogair agus freagrach? Féach 6.6

5.3.4 Cén chaoi a dtugann tú faoi chiall láidir shábháilteachta a thabhairt don pháiste a bheith i do chomhluadar sa suíomh? Féach 9.6

### → 12 - 36 mí

5.3.5 **5.3.1-5.3.4 ↖**

5.3.6 Céard iad na deiseanna a mbaineann tú leas astu chun idirghníomhú go dearfach leis an bpáiste?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Beannachtaí
- Gnáthaimh chúraim
- Amanna béilí agus mionbhéilí
- Idirghníomhaíochtaí duine-ar-dhuine
- Gníomhaíochtaí grúpaí beaga
- Gníomhaíocht le grúpa mór
- Am glanadh suas
- Am spraoi
- Comhrá teagmhasach
- Gníomhaíochtaí pleanála
- Canadh agus rannaireacht
- Cluichí

5.3.7 Cén chaoi a mbaineann tú úsáid as na deiseanna leanúnacha seo?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Éisteacht
- Teagmháil súl
- Ag caint leis an bpáiste—ní faoin bpáiste
- Ag breathnú ar mhothúcháin an pháiste
- Ag taispeáint íogaireachta agus croíúlachta
- Ag idirghníomhú ar feadh tréimhse ama a bhfuil brí leis
- A bheith cuí ó thaobh aoise de agus ó thaobh na forbartha de
- Spraoi
- Ag breathnú ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an pháiste
- Ag leanúint treoir an pháiste

5.3.8 Céard iad na bealaí ina bhféadfadh idirghníomhaíochtaí neamh-fhoclacha croíúlacht agus tacaíocht a thaispeáint?

5.3.9 Cén chaoi a fhéadfaidh tú a chinntiú go n-áiríonn an páiste sábháilte i do chomhluadar? Féach 9.6

## ➔ 2½ - 6 bliain

5.3.10 **5.3.5-5.3.9** ↖

# Comhpháirt 5.4

**Bíonn stíl idirghníomhaithe an duine fhásta dírithe ar phróiseas seachas ar fhorthorthaí agus tá cothromaíocht sa stíl sin idir labhairt agus éisteacht. Tugtar rogha freagraí don pháiste, agus mealltar an páiste chun úsáid níos leithne a bhaint as an teanga. Leantar tuairimí agus suimeanna an pháiste, agus cuirtear dúshláin chuí roimh an bpáiste.**

## ➔ Deis Mhachnaimh Ginearálta

5.4.1 Cén chaoi a bhféadfaidh tú a chinntiú go leanann d'idirghníomhaíocht leis an bpáiste ar feadh tréimhse ama a bhfuil brí leis?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cumas idirghníomhach an pháiste i láthair na huaire
- Cumas an pháiste
- Comhthéacs idirghníomhaíochta
- Tuiscint an duine fhásta ar úsáid teanga, foghraíochta &rl. an pháiste

5.4.2 Agus an t-idirghníomhaíocht á choinneáil ar siúl ar feadh tréimhse ama a bhfuil brí leis, céard atá ar fáil don pháiste as an bpróiseas?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Caidreamh éisteora/cainteora
- Fad aire
- Cumarsáid
- Deiseanna d'fhorbairt teanga Féach 14.2

5.4.3 Más infheidhmithe, cén chaoi a n-athraíonn tú do stíl idirghníomhaíochta chun meaitseáil a dhéanamh le gníomhartha pháiste le riachtanais speisialta?

5.4.4 Cén chaoi a bhféadfaidh do chuid freagraí tacaíocht a thabhairt do pháiste i dtreo foghlama agus bríonna nua?

## ➔ Breith - 18 mí

5.4.5 Cén chaoi a dtugann tú aitheantas do mhíreanna na Comhpháirte seo i do chuid idirghníomhaíochtaí agus do chaidreamh leis an bpáiste?

5.4.6 Agus tú i mbun 'comhráití' leis an bpáiste, cén chaoi a bhforbraítear an caidreamh éisteora/cainteora?

5.4.7 Cén chaoi bhfuil rian infhillteacha agus patrúin chainte daoine fásta le feiceáil i do chuid freagraí don pháiste?

## ➔ 12 - 36 mí

5.4.8 **5.4.5-5.4.7** ↖

5.4.9 Cén chaoi a mbaineann tú úsáid as an bhfoghlaim atá déanta ag an bpáiste cheana féin chun tacú le 'déanamh brí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Spéiseanna an pháiste
- Taithí an pháiste
- An fhoghlaim atá déanta ag an bpáiste cheana féin (m. sh., ranna, scéalta, daoine, teaghlach, &rl.)

5.4.10 Agus tú ag idirghníomhú le páiste nó le grúpa páistí, céard iad na dúshláin atá ann duit chun a chinntiú go ndéanfaidh an páiste an chuid is mó den chaint?

5.4.11 Cén tionchar atá ag méid an ghrúpa (beag/mór) ar an méid cainte a dhéanann tú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Láine
- Ton
- Cóimheas cainte duine fásta:páiste

5.4.12 Céard iad na breathnuithe a dhéanann tú agus tú ag éisteacht le hidirghníomhaíochtaí páistí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Úsáid teanga an pháiste
- Struchtúr abairtí
- Cumarsáid neamh-fhoclach

5.4.13 An bhfuil tú in ann sampla a thabhairt ar idirgníomhaíocht le páiste inar lean tú treoir an pháiste?

5.4.14 An bhfuil tú in ann sampla a thabhairt ar idirgníomhaíocht a thionscain tú?

5.4.15 Nuair a dhéanann tú athbhreithniú ar idirgníomhaíocht a bhí agat le páiste/grúpa páistí, céard iad na hathruithe, más ann dóibh, a dhéanfadh tú do do stíl idirghníomhach?

## → 2 1/2 - 6 bliain

5.4.16 **5.4.8-5.4.15** ↖

5.4.17 I do chuid idirghníomhaíochtaí leis an bpáiste, céard iad na tréithe próisis a leagann tú béim orthu?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ráitis agus ceisteanna oscailte
- Aire dhearfach
- Ag fanacht leis an bpáiste smaointe a chur le chéile
- Ag tabhairt spreagadh do fhreagraí níos leithne
- Ag tabhairt spreagadh do theanga thuairisciúil
- Ag taiscéaladh spéiseanna an pháiste

5.4.18 Céard é atá tú ag iarraidh baint amach trí do chuid freagraí don pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Freagra níos leithne ón bpáiste
- Comhoibriú
- Treorú
- Oibriú i gcomhar a chéile
- Deimhniú
- Idirbheartaíocht
- Tuiscint
- Ionannais dhearfacha
- An chiall go bhfuil áit ann don pháiste
- Feasacht chultúrtha
- Dushlán
- Soiléiriú
- Freagairt
- Tráchtaireacht

5.4.19 I gcomhthéacs an dá dheis mhachnaimh roimhe seo, céard iad na dushláin atá ann ó thaobh idirghníomhú sa bhealach seo le páiste nó le grúpa páistí?

5.4.20 Má tá dúshláin aitheanta, céard iad na straitéisí a bhféadfar a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin seo?

5

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 5.5

**Bíonn idirghníomhaithe na ndaoine fásta atá laistigh den suíomh, nó a bhfuil baint acu leis an suíomh, ina sampla measa, tacaíochta agus chomhpháirtíochta don pháiste.**

## Deis Mhachnaimh

5.5.1 Cén chaoi a bhfuil do chuid idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí ina shamhail ar mheas cairdiúil agus páirtnéireacht? Féach 3.3 Féach 11.5

5.5.2 Má oibríonn tú mar bhall foirne, céard iad na tréithe dearfacha atá le feiceáil sa chaoi ina n-oibríonn baill foirne le chéile? Féach 10.5

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Freagracht don fhoireann
- Tiomantas
- Ag tabhairt aitheantas do chuidiú indibhidiúil
- Ag roinnt smaointe
- Ag tacú le tionscnamh/feabhas
- Oibriú i gcomhar a chéile agus comhoibriú
- Comhcomhairle
- Meas proifisiúnta
- Rúndacht
- Éisteacht
- Tacaíocht
- Ionracas
- Ag aithint agus ag glacadh le láidreachtaí/laigeachtaí
- Feasacht chultúrtha

5.5.3 Cén chaoi a n-imríonn nádúr na n-idirghníomhaíochtaí idir na daoine fásta laistigh den suíomh tionchar ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste?

5.5.4 An bhfuil deiseanna ann don pháiste breathnú ar dhaoine fásta ag léiriú idirghníomhaíochtaí dearfacha?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhoibriú
- Ag tabhairt cúnaimh
- Uainíocht
- Ag léiriú cineáltais
- Réiteach fadhbanna

# Comhpháirt 5.6

**Tá beartas soiléir scríofa agus nósanna imeachta dá réir ann atá ina mbunús ag an gcleachtas idirghníomhaithe sa suíomh.** Féach 14.1

## Deis Mhachnaimh

5.6.1 Céard a deir do pholasaí faoi idirghníomhaíochtaí idir páistí agus daone fásta?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Iompar inmhianaithe a chur chun cinn
- Iompar neamh-inghlactha
- Saintreithiú diúltach Féach 14.2 / 14.3
- Maistíneacht
- Réiteach coimhlinte
- Freagracht agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

- Seasmhacht
- Uilechuimsitheacht
- Feasacht chultúrtha

5.6.2 Cén chaoi a bhfuil páistí páirteach i mbeartú agus i gcur i bhfeidhm an pholasaí ar iompar dearfach Féach 4.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Tuairim na bpáistí ar idirghníomhaíochtaí dearfacha
- Páistí ag leagan amach caighdeáin
- Fóram na bpáistí ar iompar /idirghníomhaíochtaí /rialacha
- Tuiscint na bpáistí ar thairbhe iompair dearfach
- Idirghníomhaíochtaí dearfacha a threisiú
- Iompar dearfach a thabhairt faoi deara

5.6.3 Céard iad na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm agat chun deileáil le mí-iompar an pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Plé
- Comhbhá a chur chun cinn
- Iarmhairtí a thuscint
- Réiteach coimhlinte
- Mothúcháin a thuiscint
- Tacaíocht fad-téarmach
- Eachtraí a dhoiciméadú
- Tacaíocht ó chomhghleacaithe
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí
- Am ciúin/am sosa

5.6.4 Céard iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun deileáil le maistíneacht? Féach 14.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ábhar cláir frithchlaonadh
- Clár frithmhaistíneachta sonrach
- Ról a thabhairt do thuismitheoirí
- Tacaíocht don íobartach/do híobartaigh
- Tacaíocht do lucht a déanta

5.6.5 Cén chaoi a ndéanann do pholasaí treithiú ar idirghníomhaíochtaí idir daoine fásta atá ag obair sa suíomh agus páistí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Meas
- Páirtnéireacht
- Comhoibriú
- Oibriú i gcomhar a chéile

5.6.6 Céard iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil daoine fásta in ann idirghníomhaíochtaí a dhéanamh le páistí de réir do pholasaí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Córas phríomhoibrí
- Eagrú foirne laistigh den suíomh
- Bainistíocht ama
- Oiliúint

5.6.7 Cén chaoi a dtugann cleachtas i do shuíomh éifeacht do do pholasaí agus cén chaoi a gcuireann sé i bhfeidhm do nósanna imeachta?

# Caighdeán 6: Súgradh

Chun súgradh a chur chun cinn, is cóir neart ama a bheith ag gach páiste chun dul i mbun an saol mórthimpeall uirthi/air a thriall, chun bheith cruthaitheach agus chun brí a bhaint as an saol, i gcuideachta páistí eile nó daoine fásta a ghlacann páirt i mbealach tacúil, nó ina (h)aonar mar is cuí. Ba chóir na deiseanna chuige seo a bheith le fáil go réidh, a bheith oiriúnach ó thaobh forbartha de agus ba chóir acmhainní maithe a bheith ann dóibh.



## Comhpháirt 6.1

**Caitheann an páiste tréimhse shuntasach ag súgradh/ag taiscéal sa suíomh, agus bíonn siad seo agus gníomhaíochtaí spraoiúla eile lárnach sa ghnáthamh laethúil.**

## Comhpháirt 6.2

**Nuair a bhíonn an páiste ag súgradh/ag taiscéal, bíonn an trealamh agus na h-ábhair a sholáthraítear ar fáil gan bhac agus iad inrochtana go héasca di/dó.**

## Comhpháirt 6.3

**Bíonn na deiseanna súgartha a chuirtear ar fáil don pháiste i gcomhréir lena a c(h)éim fhorbartha, fágann siad an páiste saor chun máistreacht agus bua a bhaint amach, agus tugann siad dúshlán don pháiste aistriú go céim nua foghlama agus forbartha.**

## Comhpháirt 6.4

**Bíonn flúirse fearas agus ábhar don pháiste i ngach achar foghlama agus ag gach gníomhaíocht sa suíomh.**

## Comhpháirt 6.5

**Spreagann na deiseanna súgartha a chuirtear ar fáil don pháiste í/é chun taiscéal, chun a bheith cruthaitheach agus chun a bhfuil foghlamtha aici/aige cheana a úsáid le bríonna nua a chruthú.**

## Comhpháirt 6.6

**Bíonn deiseanna ag an bpáiste súgradh/taiscéal le páistí eile, nó le daoine fásta atá rannpháirteach, tacúil, nó ina (h)aonar de réir mar is cuí.**

## Comhpháirt 6.7

**Pleanáiltear deiseanna súgartha/taiscéalta i gcomhar le pleanáil don churaclam/clár a chur i bhfeidhm, agus athraítear agus oiriúnaítear iad d'fhonn riachtanais athraitheacha foghlama agus forbartha a shásamh.**

# Comhpháirt 6.1

**Caitheann an páiste tréimhse shuntasach ag súgradh/ag taiscéal sa suíomh, agus bíonn siad seo agus gníomhaíochtaí spraoiúla eile lárnach sa ghnáthamh laethúil.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

6.1.1 Cén pháirt den ghnáthamh laethúil a thugtar do spraoi, bíodh sí i bhfoirm gníomhaíochtaí struchtúrtha, tionscnaithe ag an duine fásta nó ag an bpáiste, laistigh nó lasmuigh, &rl? Féach 2.5 / 2.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Spraoi le hábhair nithiúla
- Am scéalta idirghníomhacha
- Ag canadh agus ag rannadh
- Damhsa agus ceol
- Spraoi siombalach
- Spraoi cruthaitheach
- Cluichí (m. sh., éistitheach, radharcach, &rl.)
- Ag cinntiú go bhfuil uasmhéadú á dhéanamh ar an am spraoi laistigh de do ghnáthamh laethúil
- Gnáth-ghníomhaíochtaí a bhféadfar a dhéanamh i mbealach sultmhar (m. sh., amanna sos, am lóin, amanna glanadh suas, &rl.)

## Breith - 18 mí

6.1.2 Do naíonáin an-óga, cén chaoi a fhíonn tú gníomhaíochtaí sultmhara isteach i do ghnáthaimh cúram?

6.1.3 Cén bhrí atá ag spraoi do naíonáin agus do pháistí óga?

# Comhpháirt 6.2

**Nuair a bhíonn an páiste ag súgradh/ag taiscéal, bíonn an trealamh agus na h-ábhair a sholáthraítear ar fáil gan bhac agus iad inrochtana go héasca di/dó.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

6.2.1 Cén chaoi a réitíonn tú do chuid stórála ionas go mbeidh aon ábhar nó trealamh atá ag teastáil le haghaidh seisiún áirithe laistigh d'fhad láimhe an pháiste? Féach 2.2

6.2.2 Agus tacar ar leith trealaimh agus ábhar á chur ar fáil agat, an bhfuil sé ar fáil do gach páiste gan eisceacht?

6.2.3 Agus an trealamh agus ábhair curtha ar fáil agat, an bhfuil an páiste in ann aon rud in aon cheann de na réimsí gníomhaíochta a chuireann tú ar fáil a úsáid (m. sh., an fhoireann tae a thabhairt go dtí an doirteal, &rl.)?

6.2.4 Céard iad na socruithe sonracha atá ag teastáil ón bpáiste le riachtanais speisialta, an páiste le míchumas fisiciúil go háirithe, chun a chinntiú go mbeidh an trealamh agus ábhair atá ann ar fáil agus inrochtana?

## Breith - 18 mí

6.2.5 Cén chaoi a bhfaigheann an páiste nach bhfuil in ann bogadh rochtain ar an trealamh agus an t-ábhair atá ar fáil?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ionaid spraoi
- Mataí spraoi
- Ciseáin de bhréagáin/ábhair chuí laistigh d'fhad láimhe an pháiste
- Múnlaí de ghnáthrudaí laethúla Féach 2.2

6

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 6.3

**Bíonn na deiseanna súgartha a chuirtear ar fáil don pháiste i gcomhréir lena c(h)éim fhorbartha, fágann siad an páiste saor chun máistreacht agus bua a bhaint amach, agus tugann siad dúshlán don pháiste aistriú go céim nua foghlama agus forbartha.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

6.3.1 Cén cineál spraoi atá ar siúl ag an bpáiste faoi láthair?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Spraoi feidhmiúil
- Spraoi tógála
- Spraoi siombalach
- Spraoi samhlaíoch
- Spraoi soch-dhrámatúil

6.3.2 Cén raon deiseanna atá tú ag cur ar fáil don pháiste ionas go bhféadfaidh sí/sé fiosrú iomlán a dhéanamh ar an gcineál seo spraoi

Féach 2.5 / 2.6 Féach 5.1 Féach 7.4

6.3.3 Cén chaoi a bhfuil na deiseanna seo ag cothú mothúcháin smachta agus inniúlachta sa pháiste? Féach 1.2

6.3.4 Agus staid forbartha an pháiste á cur san áireamh, cad iad na mionathruithe a chaithfear a dhéanamh ar na deiseanna atá ann faoi láthair a thabharfaidh an seans don pháiste tuilleadh forbartha agus foghlamtha a bhaint amach?

# Comhpháirt 6.4

**Bíonn flúirse fearas agus ábhar don pháiste i ngach achar foghlama agus ag gach gníomhaíocht sa suíomh.**

## Deis Mhachnaimh

6.4.1 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil neart uirlisí ábhartha spraoi i ngach limistéar spraoi/taiscéala do gach páiste a bhfuil ann? Féach 2.5 / 2.6 / 2.7

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Acmhainní nach gcaithfear a cheannach a aithint
- Trealamh i gcóir spraoi lasmuigh a chur ar fáil

# Comhpháirt 6.5

**Spreagann na deiseanna súgartha a chuirtear ar fáil don pháiste í/é chun taiscéal, chun a bheith cruthaitheach agus chun a bhfuil foghlamtha aici/aige cheana a úsáid le bríonna nua a chruthú.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

6.5.1 Céard iad na bréagáin oscailte a sholathraíonn tú a threoraíonn an páiste i dtreo taiscéaladh a dhéanamh ar thréithe éagsúla sa timpeallacht, laistigh agus lasmuigh araon?

Féach 2.5 / 2.6 / 2.7

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ról spraoi oscailte i do chleachtas

- Ag tabhairt spreagadh don pháiste an fhoghlaim atá tarlaithe i limistéar spraoi amháin a athchrúthú agus a chóipeáil i limistéar spraoi eile
- É a chur i gceann an pháiste ceachtanna a bhaint as an bhfoghlaim atá déanta aici/aige cheana i gcomhthéacs nua Féach 5.4
- Ag fáil amach an méid foghlamtha atá déanta ag an bpáiste cheana féin? Féach 7.6

### → Breith - 18 mí

6.5.2 Cad iad na cineálacha spreagadh céadaíofach a chuireann deiseanna spraoi an pháiste ar fáil?

6.5.3 Cén chaoi a gcuireann tú le cumas foghlamtha na ndeiseanna sin tríd an chaoi a mbíonn tú ag idirghníomhú leis an bpáiste? Féach 5.3 / 5.5

6.5.4 Cad iad na hábhair oscailte, réalaíocha (heuristic), bíodh siad ceannaithe nó faighte ón timpeallacht, atá feiliúnach don pháiste?

6.5.5 Cén chaoi a bhféadfar an páiste a chumasú chun an timpeallacht lasmuigh a thaiscéaladh?

### → Breith - 18 mí

6.5.6 **6.5.2-6.5.5** ↖

## Comhpháirt 6.6

**Bíonn deiseanna ag an bpáiste súgradh/taiscéal le páistí eile, nó le daoine fásta atá rannpháirteach, tacúil, nó ina (h)aonar de réir mar is cuí.**

Féach 5.1 / 5.2 / 5.3 / 5.4

### Deis Mhachnaimh

6.6.1 Cé chomh minic is a ghlacann tú páirt i spraoi leis an bpáiste?

6.6.2 Cén cineál rannpháirtíochta atá ann?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Éisteacht
- I ról
- Breathnadóir
- Comh-aire
- Aischothú
- Cumasú
- Tairiscint roghanna
- Ag tabhairt nodanna don pháiste smaoineamh níos faide
- Spéis a spreagadh agus a choinneáil

6.6.3 Cad iad na straitéisí a bhféadfar úsáid a bhaint astu chun tacaíocht a thabhairt don pháiste, agus chun í/é a chumasú, a bhfuil deacrachtaí aici/aige 'ag fáil isteach' agus ag coinneáil spraoi le páistí eile ar siúl, nó a d'fhéadfadh a bheith coinnithe amach ó spraoi ar bhonn rialta?

6.6.4 An bhfuil tú in ann smaoineamh ar staid inar mhian leis an bpáiste a bheith ag spraoi léi/leis féin?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag éascú don pháiste a bheith ag spraoi léi/leis féin, más cuí
- Cúinsí nuair nach bhfuil sé oiriúnach go mbeadh an páiste ag spraoi léi/leis féin

# Comhpháirt 6.7

**Pleanáiltear deiseanna súgartha/taiscéalta i gcomhar le pleanáil don churaclam/clár a chur i bhfeidhm, agus athraítear agus oiriúnaítear iad d'fhonn riachtanais athraitheacha foghlama agus forbartha a shásamh.** Féach 7.1

## Deis Mhachnaimh
### Ginearálta

6.7.1 Cén chaoi a ndéanann pleanáil i gcóir foghlamtha trí spraoi freastal ar an bpáiste indibhidiúil, suíomh, comhthéacs áitiúil agus riachtanais shonracha? Féach 7.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Riachtanais speisialta
- Míbhuntáiste
- Comhthéacs cultúrtha Féach 14.2 / 14.3
- Riachtanais teanga

6.7.2 Cé chomh minic is a dtugtar faoi pleanáil i gcóir spraoi agus cur i bhfeidhm curaclaim/cláir? Féach 7.5

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Go laethúil/go seachtainiúil/go coicísiúil/go míosúil
- Téarma/séasúr/bliantúil

6.7.3 Cén chaoi a láimhseáltar an doiciméadú agus an tathbhreithniú pleanála? Féach 7.5

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Modhanna doiciméadaithe pleanála
- Ag coinneáil taifid ar athruithe ar phleanáil i gcomhthéacs cleachtadh/tionchar deiseanna foghlamtha spontáineacha
- An nasc idir pleanáil agus a dtarlaíonn i gcleachtas
- Na dúshláin atá i gceist ó thaobh pleanála d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste óig
- Comhtháthú spraoi agus cur i bhfeidhm curaclaim/cláir

# Caighdeán 7: Curaclam

Chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch gach páiste a spreagadh, is cóir curaclam nó clár a chur i bhfeidhm atá infhíoraithe, solúbtha, a bhfuil cur chuige leathan aige agus cur síos scríofa le fáil air.



## Comhpháirt 7.1

**Is léir gur eispéiris agus próisis iomlánaíocha iad foghlaim agus forbairt an pháiste, agus go bhfuil an súgradh lárnach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt chomhtháite agus do chur i bhfeidhm an churaclaim.**

## Comhpháirt 7.2

**Tá curaclam nó clár dea-thagraithe i bhfeidhm atá bunaithe ar phrionsabail infhíoraithe forbartha páistí a bhfuil glacadh leo go coitianta.**

## Comhpháirt 7.3

**Léirítear an curaclam agus cuirtear i bhfeidhm é trí ghnáthamh laethúil an pháiste, trí dheiseanna foghlama uathspreagtha, trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha agus trí ghníomhaíochtaí a gcuireann an páiste tús leo.**

## Comhpháirt 7.4

**Cuirtear an curaclam/clár i bhfeidhm trí éagsúlacht straitéisí ag na daoine fásta, trí dhlúthchaidrimh thacúla sa suíomh agus trí raon leathan eispéireas a chuirtear ar fáil don pháiste.**

## Comhpháirt 7.5

**Tá doiciméadú déanta ar churaclam nó ar chlár na ngníomhaíochtaí atá á chur i bhfeidhm agus tá an doiciméadú ar fáil agus in úsáid.**

## Comhpháirt 7.6

**Tá pleanáil do chur i bhfeidhm churaclaim/cláir bunaithe ar phróifíl ar leith an pháiste a fhaightear trí bhreathnadóireacht agus measúnú córasach d'fhoghlaim.**

# Comhpháirt 7.1

**Is léir gur eispéiris agus próisis iomlánaíocha iad foghlaim agus forbairt an pháiste, agus go bhfuil an súgradh lárnach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt chomhtháite agus do chur i bhfeidhm an churaclaim.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

7.1.1 Cad é an tuiscint atá ann ar fhoghlaim agus forbairt iomlánaíoch i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Nascanna idir réimsí forbartha
- Próisis foghlamtha
- Meonta foghlamtha
- Comhthéacsanna foghlamtha
- Comhtháthú
- Caidrimh
- Foghlaimeoirí inniúla

7.1.2 Agus machnamh á dhéanamh ar pháiste i mbun gníomhaíochta áirithe, cad iad na gnéithe den fhoghlaim agus den fhorbairt atá á gcomhtháthú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Teanga
- Sóisialú
- Cruthaitheacht
- Idirdhealú súl
- Oll-scileanna/mínscileanna luaile
- Rangú

7.1.3 An bhfuil samplaí ann ina gcuirtear béim ar mhiosúr amháin nó miosúr eile d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste, agus an bhfuil tú in ann smaoineamh ar a leithéid de staid?

7.1.4 Agus cur síos á dhéanamh ar staid ina ndíríonn tú isteach ar ghné amháin den fhoghlaim agus den fhorbairt, cad iad na féidearthachtaí atá ann chun gnéithe eile den fhoghlaim agus den fhorbairt a thabhairt isteach?

7.1.5 Céard a deir an curaclam/clár atá á chur i bhfeidhm i do shuíomh faoi spraoi? Féach 6.1 / 6.3 / 6.5 / 6.7

## Breith - 36mí

7.1.6 Cén soláthar a dhéanann an curaclam/clár atá á chur i bhfeidhm agat do pháistí a bhfuil a dtaithí tacaithe go príomha ag daoine fásta?

7.1.7 Cén chaoi a dtreoraíonn do churaclam/clár do chaidreamh leis an bpáiste? Féach 5.3 / 5.4

## 12 - 36 mí

7.1.8 **7.1.6-7.1.7**

7.1.9 An dóigh leat go mbeidh sé mar thoradh ar an gcuraclam nó ar an gclár atá á chur i bhfeidhm agat go dtabharfaidh tú aghaidh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste ó pheirspictíocht atá 'ábhar'-bhunaithe nó peirspictíocht atá 'téama'-bhunaithe?

7.1.10 I rith an ghnáthaimh laethúil, céard iad na deiseanna a d'fhéadfá a chur ar fáil don pháiste chun scileanna agus eolas a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla

## 2½ - 6 bliain

7.1.11 **7.1.8-7.1.10** ↖

7

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 7.2

**Tá curaclam nó clár dea-thagraithe i bhfeidhm atá bunaithe ar phrionsabail infhíoraithe forbartha páistí a bhfuil glacadh leo go coitianta.**

## Deis Mhachnaimh

7.2.1 Cén chaoi a dtacaíonn do churaclam/clár le haidhmeanna agus cuspóirí do shuíomh maidir le foghlaim agus forbairt?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Foinsí don churaclam/clár atá á úsáid agat
- Cén chaoi a d'fhorbair an curaclam/clár
- Bunús taighde an churaclaim/clár atá á chur i bhfeidhm
- Ábhar na litríochta/na dtagairtí a úsáideadh i bhforbairt an churaclaim/an chláir
- Na príomhthionchair ar an gcuraclam/clár atá á úsáid i do shuíomh
- Na teoiricí forbartha páiste is mó tionchar sa churaclam/clár atá á úsáid agat
- An chaoi a dtugann prionsabail forbartha páiste atá fite isteach sa churaclam/clár tacaíocht duit agus tú ag déanamh machnamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste mar phróiseas iomlanaíoch Féach 7.1
- Cur chun feidhme Aistear, Creatlach don Churaclam Luath-Óige (2009)

# Comhpháirt 7.3

**Léirítear an curaclam agus cuirtear i bhfeidhm é trí ghnáthamh laethúil an pháiste, trí dheiseanna foghlama uathspreagtha, trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha agus trí ghníomhaíochtaí a gcuireann an páiste tús leo.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

7.3.1 Cén chaoi a mbaintear úsáid as an gnáthamh laethúil, gnáthaimh chúraim san áireamh, chun an curaclam/clár seo a chur i bhfeidhm? Féach 6.1 Féach 5.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Teacht ar maidin
- Am socrú isteach
- Am spraoi
- Amanna béilí/mionbhéilí
- Turais agus camchuairteanna
- Gnáthaimh leithris agus shláinteachais
- Aistrithe Féach 13.1

7.3.2 Céard iad na gnéithe den churaclam/clár atá oiriúnach do na deiseanna spontáineacha foghlamtha a tharlaíonn i rith an ghnáthaimh laethúil, agus do nádúr síorathraitheach gníomhaíochtaí an pháiste?

Féach 6.5 / 6.7 Féach 11.5

7.3.3 Cén chaoi a bhféadfaí an curaclam/clár a mhionathrú chun tacú le foghlaim agus forbairt gach pháiste, ag smaoineamh go háirithe ar pháistí le riachtanais speisialta?

Féach 14.2 / 14.3

7.3.4 Cén chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as deiseanna spontáineacha foghlamtha chun gné den churaclam/clár a chur i bhfeidhm?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ábhar an churaclaim/an chláir
- Téamaí agus topaicí
- Ag leathnú foghlama
- Miosúir fhorbartha
- Breathnóireacht
- Teanga
- Spéiseanna an pháiste
- 'Ag déanamh brí'

## → 12 - 36 mí

7.3.5 An bhfuil tú in ann sampla a thabhairt ar ghníomhaíocht phleanáilte, struchtúrtha a bheartaigh tú, agus na gnéithe d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu sa ghníomhaíocht seo? Féach 1.1 / 1.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gníomhaíochtaí cruthaitheacha
- Grúpaí beaga/móra
- Am glanadh suas
- Gníomhaíochtaí boird
- Spraoi/cluichí lasmuigh

7.3.6 Céard iad na gnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu sa ghníomhaíocht seo?

7.3.7 I ngníomhaíocht atá tionscnaithe ag an bpáiste, céard iad na straitéisí a mbaineann tú úsáid astu chun spriocanna an churaclaim/an chláir a fhí isteach? Féach 5.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Do bhreathnuithe
- Teanga thuairisciúil/léiritheach
- Ceisteanna
- Ag glacadh páirte i spraoi i gcarachtar

## → 2½ - 6 bliain

7.3.8 **7.3.5-7.3.7 ↖**

# Comhpháirt 7.4

**Cuirtear an curaclam/clár i bhfeidhm trí éagsúlacht straitéisí ag na daoine fásta, trí dhlúthchaidrimh thacúla sa suíomh agus trí raon leathan eispéireas a chuirtear ar fáil don pháiste.**

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

7.4.1 Céard iad na straitéisí a mbaineann tú úsáid astu agus tú ag cur an churaclaim/chláir i bhfeidhm? Féach 5.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Múnlaíocht
- Éascaíocht
- Teanga/teanga an choirp
- Cumasú
- Súgradh
- Breathnóireacht agus éisteacht
- Struchtúrú
- Idirghníomhaíochtaí idir pháistí a chumasú

- Structuring
- Enabling interactions between children

7.4.2 Cén chaoi a bhfuil tú gníomhach ó thaobh páirt a ghlacadh i bhfoghlaim agus forbairt an pháiste trí chur i bhfeidhm an churaclaim/an chláir? Féach 6.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Aire indibhidiúil
- Láithreacht mhothaitheach
- Idirghníomhaíochtaí
- Dul i ngleic
- Spéiseanna a roinnt
- Comhthionscadail

7.4.3 Cad é an réimse taithí a sholáthraítear don pháiste i rith an ghnáthaimh laethúil? Féach 2.5 / 2.6 / 2.7 Féach 6.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Spraoi taobh amuigh
- Limistéir ghníomhaíochta
- Rím, scéal agus amhrán
- Cúram peataí
- Gníomhaíocht fhisiciúil
- Cruthaitheacht
- Am ciúin

7.4.4 Cén tionchar atá ag nádúr do chaidrimh leis an bpáiste ar a c(h)uid foghlama agus a c(h)uid forbartha? Féach 5.4 Féach 9.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cineáltacht
- Freagracht
- Íogaireacht
- Tacúil

7.4.5 Cén raon caidrimh laistigh den suíomh a bhfuil tionchar aige ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Bainistíocht
- Foireann
- Tuismitheoirí

## Comhpháirt 7.5

**Tá doiciméadú déanta ar churaclam nó ar chlár na ngníomhaíochtaí atá á chur i bhfeidhm agus tá an doiciméadú ar fáil agus in úsáid.**
Féach 6.7

## → Deis Mhachnaimh

7.5.1 Cén chaoi a dtacaíonn doiciméadú an churaclaim/an chláir lena chur i bhfeidhm?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cineál doiciméadú
- Ag cinntiú go bhfuil an doiciméadú is nuaí dá bhfuil ann in úsáid
- Ag cur an doiciméadú ar fáil do gach duine atá i mbun idirghníomhaíochta leis an bpáiste sa suíomh

- An doiciméadú a úsáid go minic
- Doiciméadú breise a ullmhaíonn tú féin chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim/an chláir Féach 6.7
- Cé chomh minic is a dhéanann tú doiciméadú ar phleanáil do churaclaim/do chláir (m. sh., plean bliana; plean seasúir/téarma; plean míosúil/coicísiúil/seachtainiúil/laethúil, &rl.)

# Comhpháirt 7.6

**Tá pleanáil do chur i bhfeidhm churaclaim/cláir bunaithe ar phróifíl ar leith an pháiste a fhaightear trí bhreathnadóireacht agus measúnú córasach d'fhoghlaim.**

## Deis Mhachnaimh

7.6.1 Céard iad na gnéithe éagsúla de do chóras breathnóireachta agus measúnaithe páiste?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Breathnóireacht
- Tuismitheoirí
- Féin-mheasúnú an pháiste
- Rannpháirtíocht i spraoi
- Idirghníomhaíochtaí
- Éisteacht
- Neamhfhoirmiúil
- Comhcomhairle le comhoibrithe
- Machnamh
- Timthriallta leanúnacha

7.6.2 Cén chaoi a ndéanann tú taifead ar an eolas a thagann ó do bhreathnóireacht agus do mheasúnú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Leabhar nóta breathnóireachta laethúil
- Teimpléid bhreathnóireachta
- Punann an pháiste
- Grianghraif/téipeanna/fístéipeanna, &rl.
- An próiseas seachas an toradh
- Pleananna Oideachais Indibhidiúla (IEPanna)

7.6.3 Cén chaoi a dtugann tú aitheantas agus a bhfíoraíonn tú taithí agus eolas cultúrtha sa churaclam/clár? Féach 14.3

# Caighdeán 8: Pleanáil agus Meastóireacht

Chun gach gné de chleachtas laistigh den suíomh a shaibhriú agus a threorú, is gá timthriallta breathnóireachta, pleanála, gnímh agus meastóireachta a dhéanamh go rialta.



# Comhpháirt 8.1

**Déantar athbhreithniú rialta ar gach aon réimse Caighdeánach cleachtais trí phróisis oiriúnaithe cuí breathnadóireachta, pleanála, gníomhaíochta agus meastóireachta.**

# Comhpháirt 8.2

**Tá struchtúir athbhreithnithe aontaithe, a bhfuil fianaise scríofa orthu ag an suíomh.**

# Comhpháirt 8.3

**Tá córas ann chun cinnte a dhéanamh de go dtagann athruithe i gcleachtas as na próisis athbhreithnithe.**

# Comhpháirt 8.4

**Déantar taifeadadh, stóráil, agus roinnt ar thorthaí na struchtúr agus próiseas athbhreithnithe, mar is cuí.**

# Comhpháirt 8.1

**Déantar athbhreithniú rialta ar gach aon réimse Caighdeánach cleachtais trí phróisis oiriúnaithe cuí breathnadóireachta, pleanála, gníomhaíochta agus meastóireachta.**

## Deis Mhachnaimh

8.1.1 Céard iad na cineálacha próiseas athbhreithnithe atá oiriúnach do gach ceann de na 16 caighdeán atá sonrach do *Síolta?*

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Athbhreithniú atá dírithe ar an duine
- Athbhreithniú struchtúrtha?
- Athbhreithniú acmhainní
- Fianaise agus doiciméadú
- Athbhreithniú bainistiú athraithe
- Próiseas athbhreithnithe seachtrach

8.1.2 Cé chomh minic is a dtugann tú faoi athbhreithnithe laistigh de chatagóirí cleachtais na gCaighdeán?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Laethúil/seachtainiúil/míosúil
- Téarma/bliantúil
- Athbhreithniú leanúnach

8.1.3 Céard iad na gnéithe de na Caighdeáin a bhfuil athbhreithniú níos minicí ag teastáil uathu?

# Comhpháirt 8.2

**The setting has established and documented review structures.**

## Deis Mhachnaimh

8.2.1 Céard iad na struchtúir athbhreithnithe atá i bhfeidhm i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Bainistíocht ama
- Cruinnithe meithle/foirne/bainistíochta
- Ionchur ó thuismitheoirí agus ó pháistí
- Féin-athbhreithniú
- Maoirseacht agus luacháil
- Tuarascálacha dul chun cinn
- Fianaise agus doiciméadú
- Meastóireacht/iniúchtaí seachtracha

# Comhpháirt 8.3

**Tá córas ann chun cinnte a dhéanamh de go dtagann athruithe i gcleachtas as na próisis athbhreithnithe.**

## Deis Mhachnaimh

8.3.1 Nuair atá athruithe tugtha le fios ag an bpróiseas athbhreithnithe, cén chaoi a bhfítear na hathruithe sin isteach sa chleachtas?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Freagracht as athruithe a fhí isteach
- Freagracht as athruithe a mhaoirsiú

# Comhpháirt 8.4

**Déantar taifeadadh, stóráil, agus roinnt ar thorthaí na struchtúr agus próiseas athbhreithnithe, mar is cuí.**

## Deis Mhachnaimh

8.4.1 Cén chaoi a ndéanann tú doiciméadú ar do phróisis athbhreithnithe?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Teimpléid athbhreithnithe
- Nótaí curaclaim/cláir/pleanála
- Taifid de chinntí
- Miontuairiscí cruinnithe
- Dialanna cleachtais
- Tuarascálacha measúnaithe
- Pleananna Oideachais Indibhidiúla (IEPanna)

8.4.2 Cén chaoi a gcinntíonn tú go gcoinnítear agus go roinntear taifid go cuí, agus go gcinntítear rúndacht? Féach 10.6
Féach 12.2 / 12.3

# Caighdeán 9: Sláinte agus Leas

Chun sláinte agus leas an pháiste a chur chun cinn, is gá í/é a shábháil ó dhochar, bia cothaitheach a sholáthar di/dó, deis a thabhairt di/dó, a scíth a ligean mar is cuí, agus caidreamh muiníneach, measúil a dhéanamh léi/leis.



## Comhpháirt 9.1

**Tá réimse iomlán beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an suíomh chun scaipeadh tinneas galraithe a chosc, chun contúirtí agus strus timpeallachta a sheachaint, agus chun déileáil go héifeachtach le cásanna leighis a d'fhéadfadh tarlú.**

## Comhpháirt 9.2

**Déanann an suíomh a dhícheall, trí réimse polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhartha a chur i bhfeidhm, sláinte gach páiste agus duine fásta a chur chun cinn.**

## Comhpháirt 9.3

**Tá treoirlínte *Children First agus Our Duty to Care* curtha i bhfeidhm ag an suíomh maidir le cosaint páistí.**

## Comhpháirt 9.4

**Tá an suíomh réamhghníomhach maidir le nósanna sláintiúla ite a bhunú i measc na bpáistí agus cabhrú leo ag an am céanna taitneamh agus sásamh a bhaint as bheith ag ithe mar eispéireas dearfach sóisialta.**

## Comhpháirt 9.5

**Tá iarrachtaí fónta déanta ag an suíomh gá na bpáistí le scíth, tréimhse chiúin agus príobháideachas a aithint agus a shásamh.**

## Comhpháirt 9.6

**Tá soláthar déanta ag an suíomh chun a chinntiú gur féidir le páistí caidrimh bhuan a bhunú agus a choinneáil ar bun le daoine fásta, lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha, le daoine ar chomhaois leo, agus le páistí eile.**

## Comhpháirt 9.7

**Cintíonn an suíomh go mbíonn gach duine fásta agus gach páiste réidh i gcás éigeandála.**

# Comhpháirt 9.1

**Tá réimse iomlán beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an suíomh chun scaipeadh tinneas galraithe a chosc, chun contúirtí agus strus timpeallachta a sheachaint, agus chun déileáil go héifeachtach le cásanna leighis a d'fhéadfadh tarlú.** Féach 2.4

## Deis Mhachnaimh

9.1.1 Cén chaoi a ndéileálann tú le tinneas, le galair ionfhabhtaíocha agus eigeándálaí i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Polasaithe agus nósanna imeachta
- Ag cur tuismitheoirí agus teaghlaigh ar an eolas
- Ag cur daoine fásta ábhartha eile ar an eolas (m. sh., oibrithe deonacha, mic léinn, foireann leighis, &rl.)
- Leithlis/eisiamh/maoirseacht
- Suíomh ciúin compordach a chur ar fáil

9.1.2 Céard iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun dul i ngleic le héigeandálaí leighis?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Líon oiriúnach daoine fásta i do shuíomh atá incháilithe garthartháil a thabhairt
- Líon oiriúnach boscaí gartharrthála a bhfuil fearas iomlán iontu ar fáil agus rochtain éasca orthu
- Coimriú daoine fásta ar stórail agus dáileadh cuí leighis
- Socrú le dochtúir leighis nó duine proifisiúnta cáilithe leighis eile comhairle agus tacaíocht a thabhairt don suíomh
- Cumarsáid le tuismitheoirí i gcás tinnis nó éigeandála leighis (m. sh., sonraí teagmhála inrochtana agus cruinn, iad a chur ar an eolas faoi ghalair ionfhabhtaíocha sa suíomh, iad a chur ar an eolas faoi bhealaí cuí réamhaireacha, &rl.)

# Comhpháirt 9.2

**Déanann an suíomh a dhícheall, trí réimse polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhartha a chur i bhfeidhm, sláinte gach páiste agus duine fásta a chur chun cinn.** Féach 14.1

## Deis Mhachnaimh

9.2.1 Céard iad na straitéisí atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil gach duine i do shuíomh ar an eolas go hiomlán faoi gach gné de chothú sláinte? Féach 11.1 / 11.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cur bileoga eolais ar fáil faoi vacsaínithe, sláinteachas béil, an chaoi le galrú a chosc, &rl.
- Teagmháil rialta leis an altra sláinte poiblí agus daoine proifisiúnta ábhartha eile a chur ar bun
- Tráthnónta eolais ar shaincheisteanna cothaithe sláinte a reáchtáil do thuismitheoirí
- Ag tairiscint deiseanna do dhaoine fásta atá ag obair sa suíomh páirt a ghlacadh in oiliúint ar ábhair a bhaineann le cothú sláinte
- Cothú sláinte a fhí isteach i gcuraclam nó i gclár gníomhaíochtaí do pháistí
- Oiliúint maidir le cosaint páistí, láimhseáil bia, &rl.

9.2.2 Cén chaoi a dtugtar tacaíocht do pháistí chun gnáthaimh mhaithe shláinteachas phearsanta a fhorbairt? Féach 7.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gnáthaimh a bhunú maidir le lámha a ní, fiacla a scuabadh, an leithreas a ghlanadh tar éis é a úsáid, srón a shéideadh, diúscairt dramhaíola, &rl.
- Scileanna féin-bhainistíochta a fhorbairt tríd an gcuraclam/clár (m. sh., fáiscíní a oscailt/a dhúnadh, am glanadh suas, &rl.)
- Dea-chleachtas a athneartú maidir leis an timpeallacht a choinneáil glan agus sábháilte, (m. sh., doirteadh a thriomú, cosa a ghlanadh, bróga taobh istigh a chaitheamh, &rl.)

9.2.3 Cén chaoi a bhféadfaidh daoine fásta i do shuíomh cur le cothú sláinte páistí go dearfach?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag múnlú dea-chleachtais sláinteachais
- Ag leanúint nósanna imeachta sábháilteachta
- Éadach feiliúnach taobh amuigh, scagaire gréine
- Gan a bheith ag caitheamh tobac
- A bheith aireach agus freagrach maidir le gnáthriachtanais shláinteachais phearsanta páistí (m. sh., clúidíní a athrú, dul chuig an leithreas, &rl.)
- Ag íosmhéadú struis agus imní do pháistí trí ghníomhú ar bhealach socair i gcónaí Féach 5.5
- Tacaíocht agus maoirseacht dhaoine fásta
- A bheith freagrach agus íogair do riachtanais páistí le haghaidh athdhearbhú agus compoird

## Comhpháirt 9.3

**Tá treoirlínte *Children First agus Our Duty to Care* curtha i bhfeidhm ag an suíomh maidir le cosaint páistí.**

### Deis Mhachnaimh

9.3.1 Cén chaoi a gcinntíonn do shuíomh go bhfuil lánchoimriú faighte ag gach duine fásta maidir le treoirlínte dea-chleachtais i ndáil le cosaint páistí? Féach 11.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Eolas ábhartha ar fáil agus inrochtana do gach duine
- Coimriú ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta cosanta páistí ar fáil i do phróiseas insealbhaithe do dhaoine fásta atá ag obair sa suíomh
- Ag tabhairt ról do gach duine fásta ábhartha i bhforbairt polasaí agus nósanna imeachta maidir le cosaint pháistí
- An ról atá ag oiliúint in-seirbhíse chun tacú leis an duine fásta atá ag tabhairt aghaidh ar pholasaithe agus nósanna imeachta cosanta páistí
- Ag cinntiú go dtugtar eolas atá nua-shonraithe do gach duine fásta go soiléir, de réir mar is cuí
- Ag cinntiú go dtéann tuismitheoirí i dtaithí ar pholasaithe agus nósanna imeachta cosanta páistí

9.3.2 Céard iad na próisis atá i bhfeidhm i do shuíomh chun a chinntiú go gcaithfear le gach páiste le meas agus le dínit, go speisialta maidir le cúram pearsanta?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tacú le páistí ionchur a bheith acu i ndéanamh cinntí
- Ag cinntiú go gcomhlíontar cearta páistí ó thaobh príobháideachais de

- Ag cinntiú go gcoinníonn próisis bhainistíochta iompair meas ar dhínit agus cearta páistí Féach 1.3 Féach 5.6
- Ag cinntiú go ndéileáltar le gach gearán go híogaireach agus go freagrach
- Ag cinntiú go bhfuil páistí in ann muinín a bheith acu agus dul i gcomhairle go rúnda le daoine fásta i do shuíomh
- Ag cinntiú nach bhfágfar daoine fásta riamh leo féin/gan mhaoirseacht le páiste indibhidiúil
- Ag tacú leis an tuiscint atá ag páistí maidir lena ról féin ó thaobh meas a thabhairt do chearta daoine eile Féach 14.3

9.3.3 **Céard iad na nósanna imeachta atá agat chun déileáil le mí-úsáid amhrasach nó mí-úsáid chorpartha páistí i do shuíomh nó in áit eile?**

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Duine ainmnithe a ghlacann freagracht as saincheisteanna maidir le cosaint pháistí
- Deis don duine ainmnithe na scileanna agus an t-eolas a fháil a bheidh riachtanach don ról tábhachtach seo
- Aithint agus freagra do mhí-úsáid
- Mí-úsáid amhrasach a thabhairt le fios
- Ag tacú leis an bpáiste mí-úsáid a thabhairt le fios
- Tacaíocht a chur ar fáil don pháiste sa chás go naithnítear mí-usáid
- Ceangal le gníomhaireachtaí/daoine aonair eile a d'fhéadfadh idirghabháil a dhéanamh agus/nó tacaíocht a thabhairt duit i ndéileáil go cuí leis an gceist seo

## Comhpháirt 9.4

**Tá an suíomh réamhghníomhach maidir le nósanna sláintiúla ite a bhunú i measc na bpáistí agus cabhrú leo ag an am céanna taitneamh agus sásamh a bhaint as bheith ag ithe mar eispéireas dearfach sóisialta.**

### Deis Mhachnaimh Ginearálta

9.4.1 **Cén chaoi a gcuireann do shuíomh forbairt nósanna ite sláintiúla chun cinn i bpáistí?**

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cur páistí ar an eolas faoi ithe sláintiúil/roghanna sláintiúla
- Ag ardú feasachta le tuismitheoirí agus teaghlaigh maidir le hithe sláintiúil
- Foinsí eolais faoi ithe sláintiúil atá ar fáil sa suíomh (m. sh., bileoga/postaeirí ó bhFheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Bord Bia, comhlachtaí bia, altanna irisleabhar, &rl.)
- Ag tairiscint taithí ar bhianna éagsúla do pháistí Féach 7.3
- Ag tarraingt páistí isteach i bplé agus díospóireacht faoi ithe sláintiúil
- Ag tabhairt spreagadh do thuismitheoirí agus teaghlaigh tacú le do pholasaithe um ithe sláintiúil
- Ag freagairt do riachtanais aistí bia páistí indibhidiúla
- Ag cinntiú go bhfuil rochtain saor i gcónaí ag gach páiste ar uisce inólta sábháilte

9
Lámhleabhar Síolta

9.4.2 Cén chaoi a gcinntíonn do shuíomh:

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhlíonann sé le *'Food and Nutrition Guidelines for Preschools'* de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí?'
- Tá biachláir laethúla scríofa ar fáil do thuismitheoirí?
- Tá béilí agus mionbhéilí ar fáil, ag cur riachtanais indibhidiúla an pháiste san áireamh?
- Athraítear ranna bia de réir aois an pháiste agus freisin ar bhealach a thugann deis don pháiste cinntí a dhéanamh bunaithe ar aois
- Sa bhiachlár laethúil, soláthraítear bia as gach grúpa bia?
- Athraítear comhdhéanamh an bhia de réir aois an pháiste?
- Tá an bia a dháiltear tarraingteach agus neamúil don pháiste?
- Cinntíonn an suíomh go ndéantar riar ar pháistí le riachtanais speisialta bia, le hailéirgí, nó bia a bhfuil cosc air ar fháth ar bith (m. sh., nós creidimh)?
- Tá oiliúint chuí ag gach ball foirne i láimhseáil bia?
- Tá clár HACCP (Hazards Analysis Critical Control Point) i bhfeidhm?

9.4.3 Cén chaoi a ndéantar forbairt ar thaitneamh/tuiscint páistí ar ithe mar eispéireas sóisialta dearfach?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Amanna sosa agus mionbhéilí nach bhfuil deifrithe
- Ag suí le páistí ag amanna mionbhéilí chun samhlacha dearfacha a sholáthar
- Ag tabhairt na deise do pháistí freagracht a ghlacadh as amanna sosa/mionbhéilí a eagrú

## → Breith - 18 mí

9.4.4 Cén chaoi a ndéantar foráil ar leith do riachtanais naíonán laistigh den suíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cén chaoi a ndéanann tú foráil do mhná a bhfuil naíonáin chíche acu?
- An bhfuil beathú bunaithe ar riachtanais indibhidiúla chothaithe agus ar sceidil bheathaithe, agus ní de réir róta?
- An bhfuil limistéir stórála agus ullmhúcháin do bhuidéil atá sách oiriúnach?
- An mbeirtear ar naíonáin i gcónaí agus an dtugtar aire indibhidiúil dóibh agus iad á mbeathú le buidéal?
- Céard iad na próisis atá i bhfeidhm chun tacú le naíonáin atá á mbaint ón gcíoch?
- Cén chaoi a gcuireann tú chun cinn neamhspleáchas ó thaobh beathú de?
- Cén chaoi a shocraítear na suíocháin chun go dtacófar le hidirghníomhaíocht shóisialta le daoine eile?

## → 12 mí - 36 mí

9.4.5 9.4.4 ↖

## Comhpháirt 9.5

Tá iarrachtaí fónta déanta ag an suíomh gá na bpáistí le scíth, tréimhse chiúin agus príobháideachas a aithint agus a shásamh.

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

9.5.1 Cén chaoi a gcuireann tú spás cuí ar fáil le haghaidh am ciúin agus ligint scíthe, scoite amach ó na gníonmaíochtaí eile i do shuíomh?

9.5.2 Cén chaoi a fhíonn tú isteach solúbthacht maidir le deiseanna scíthe i ngnáthamh laethúil na bpáistí i do shuíomh?

9.5.3 Cén chaoi a dtugann tú spreagadh do pháistí sosanna scíthe cuí a thógáil?

### → Breith - 18 mí

9.5.4 An bhfuil cliabhán le tocht sábháilteachta agus a c(h)uid línéadach féin ag gach naíonán faoi bhun 12 mí i limistéar ciúin, dorcha, teolaí?

9.5.5 Céard iad na réamh-airí atá i bhfeidhm chun Siondróm Bás Tobann Naíonáin (SIDS) a chosc?

## Comhpháirt 9.6

**Tá soláthar déanta ag an suíomh chun a chinntiú gur féidir le páistí caidrimh bhuan a bhunú agus a choinneáil ar bun le daoine fásta, lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha, le daoine ar chomhaois leo, agus le páistí eile.**

Féach 5.1 / 5.2 / 5.3 Féach 13.1 Féach 14.2

### → Deis Mhachnaimh

9.6.1 Cén chaoi a dtugtar tacaíocht do pháistí caidrimh a bhunú i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Deiseanna do dheartháireacha agus deirfiúracha casadh le chéile agus idirghníomhú
- Tacaíocht ó dhaoine fásta a bhfuil taithí acu atá in ann leanúnachas agus buanseasmhacht a thabhairt
- Ag tacú le páistí agus iad ag bunú cairdis
- Ag tacú le caidrimh pháistí le tuismitheoirí agus le teaghlaigh níos leithne
- Oibriú chóras príomhoibrithe

## Comhpháirt 9.7

**Cintíonn an suíomh go mbíonn gach duine fásta agus gach páiste réidh i gcás éigeandála.**

### → Deis Mhachnaimh

9.7.1 Cén chaoi a ndéanann do shuíomh foráil chun déileáil le staideanna éigeandála a éilíonn aslonnú?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Polasaithe agus nósanna imeachta Féach 10.2
- Iad seo a thabhairt le fios go soiléir do gach duine fásta ábhartha agus do pháistí
- Ag ullmhú na bpáistí agus na ndaoine fásta i do shuíomh freagairt do staideanna éigeandála i modh atá socair agus stuama (m. sh., druil dóiteáin rialta, eolas a chur ar fáil faoi bhealaí éalaithe, cloig rabhaidh, &rl.)
- Ag fáil cúnaimh sheachtrach i gcás éigeandálaí

# Caighdeán 10: Eagrú

Má táthar chun acmhainní a eagrú agus a bhainistiú go héifeachtach, tá gá le comhaontú scríofa maidir le fealsúnacht agus, mar thaca leis sin, polasaithe agus nósanna imeachta, a chuirtear in iúl go soiléir, chun cleachtas a threorú agus a mhúnlú.



## Comhpháirt 10.1

**Tá ráiteas nó sraith ráiteas cuimsitheach leagtha amach ag an suíomh a dhéanann cur síos go soiléir ar an bhfís, ar na luachanna agus ar na prionsabail atá ina mbunús don tseirbhís, agus ina n-inspioráid do gach gné dá cleachtas.**

## Comhpháirt 10.2

**Tá réimse polasaithe agus nósanna imeachta taifeadta go soiléir ag an suíomh a chuimsíonn gach gné de chleachtas sa suíomh. Forbraítear iad seo agus cuirtear in iúl go cuí iad do na páirtithe leasmhara go léir.**

## Comhpháirt 10.3

**Láimhseáltar acmhainní airgeadais taobh istigh den suíomh go hábalta, éifeachtach agus ar chuma a dhéanann cinnte de go mbíonn an tseirbhís inmharthana.**

## Comhpháirt 10.4

**Tugtar meas, taca agus spreagadh do gach duine fásta sa suíomh ina rólanna agus ina bhfreagraíochtaí faoi leith.**

## Comhpháirt 10.5

**s léir go bhfuil spiorad an mheithil go láidir sa suíomh.**

## Comhpháirt 10.6

**Coinníonn an suíomh taifid chruinne riaracháin atá ábhartha chomh maith le caighdeáin chuí rúndachta a chaomhnú ag an am céanna.**

## Comhpháirt 10.7

**Cruinneas taifead Freagracht as taifid a choinneáil Athbhreithniú rialta ar thaifid**

# Comhpháirt 10.1

**Tá ráiteas nó sraith ráiteas cuimsitheach leagtha amach ag an suíomh a dhéanann cur síos go soiléir ar an bhfís, ar na luachanna agus ar na prionsabail atá ina mbunús don tseirbhís, agus ina n-inspioráid do gach gné dá cleachtas.**

## → Deis Mhachnaimh Ginearálta

10.1.1 Cad iad na gnéithe riachtanacha a chaithfear a chur san áireamh i ráiteas fealsúnachta maidir le do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- An dearcadh i leith páistí agus forbairt pháistí a thugann bonn do agus a threoraíonn do chleachtas Féach 7.1
- Na luachanna lárnacha ar cheart do dhaoine fásta a bhíonn ag obair le páistí a úsáid mar threoir Féach 11.2
- An chaoi a shainmhíníonn tú agus a gcuireann tú síos ar an tseirbhís a sholáthraíonn tú do pháistí agus a dteaghlaigh.
- Do pheirspeictíochtaí maidir le ról tuismitheoirí agus teaghlach i bhfeidhmiú do sheirbhíse? Féach 3.2 / 3.3

10.1.2 Cad é an toradh a thagann as páistí agus a dteaghlaigh a bheith ag glacadh páirte i do sheirbhís?

# Comhpháirt 10.2

**Tá réimse polasaithe agus nósanna imeachta taifeadta go soiléir ag an suíomh a chuimsíonn gach gné de chleachtas sa suíomh. Forbraítear iad seo agus cuirtear in iúl go cuí iad do na páirtithe leasmhara go léir.**

## → Deis Mhachnaimh

10.2.1 Cad iad na polasaithe agus nósanna imeachta doiciméadaithe atá i bhfeidhm i do shuíomh?

10.2.2 Cén chaoi a bhfaigheann tú tuairimí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir i bhforbairt polasaithe agus nósanna imeachta? Féach 4.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag iarraidh rannpháirtíochta agus do pholasaí agus do nósanna imeachta á scríobh/n-ullmhú
- Na páirtí leasmhara atá i gceist
- Ag bailiú agus ag aistriú na dtuairimí seo go dtí doiciméid na bpolasaithe
- A bheith ar aon intinn maidir leis an ábhar

10.2.3 Cén chaoi a dtugann doiciméid na bpolasaithe agus na nósanna imeachta bonn don chleachtas i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gach duine fásta sa suíomh a bheith eolach ar na doiciméid seo
- An chaoi a mbaintear leas astu mar bhunús do nósanna imeachta agus cleachtas sa suíomh ar bhonn laethúil sa suíomh
- Athbhreithniú rialta chun a chinntiú go mbeidh siad i gcónaí ábhartha don chleachtas Féach 8.4

10

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 10.3

**áimhseáltar acmhainní airgeadais taobh istigh den suíomh go hábalta, éifeachtach agus ar chuma a dhéanann cinnte de go mbíonn an tseirbhís inmharthana.**

## → Deis Mhachnaimh

10.3.1 Cad iad na córais atá i bhfeidhm agat chun a chinntiú go bhfuil taifid airgeadais cruinn agus coinnithe go maith?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cuntasaíocht, ioncam agus caiteachas, sonraisc agus admhálacha
- Tuarastail, duillíní pá, P60anna
- Cáin, tuarisceáin ioncaim
- Cuntais a bhfuil iniúchadh déanta orthu

10.3.2 Cad iad na próisis a úsáideann tú chun athbhreithniú a dhéanamh ar staid airgeadais do shuímh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ullmhú buiséad
- Réiteach seachtainiúil, ráithiúil, bliantúil costaisí don bhuiséad
- Próisis chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid nó iad a athrú

10.3.3 Cén chaoi a gcinntíonn tú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna riachtanacha agat chun a dheimhniú go mbeidh do shuíomh inmharthana ar bhonn leanúnach?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Scileanna bainistíochta airgeadais an oibritheora/an bhainisteora
- Ag aimsiú comhairle agus tacaíocht ghairmiúil (m. sh., cuntasóir, iniúchóir)
- Deiseanna chun maoiniú, cúnamh deontais, fóirdheontais, airgead a shaothrú, urraíocht a fháil

# Comhpháirt 10.4

**Tugtar meas, taca agus spreagadh do gach duine fásta sa suíomh ina rólanna agus ina bhfreagraíochtaí faoi leith.**

## → Deis Mhachnaimh

10.4.1 Cad iad na próisis atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil cearta gach duine fásta mar fhostaithe curtha i bhfeidhm agus nach bhfuil siad i mbaol?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Clárú fostóra agus fostaithe, conarthaí fostaíochta, uaireanta oibre, saoire, tuarastail, ÍMAT, ASPC
- Próisis fostaíochta (m. sh., cur síos ar phoist, nósanna imeachta d'agallaimh, &rl.)
- Próisis araíonachta/gearáin, athbhreithnithe

10.4.2 Cén chaoi a gcinntíonn tú go dtéitear i dteagmháil le gach duine fásta atá ag obair sa suíomh maidir lena rólanna agus a bhfreagrachtaí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cur síos ar phoist, anailís scileanna
- Próisis insealbhaithe do bhaill foirne nua
- Cláir ama laethúla/sheachtainiúla agus tograí
- Próisis mhaoirsithe agus rannpháirtíochta mac léinn
- Ról agus stiúriú oibrithe deonacha (m. sh., tuismitheoirí)

- Córas príomhoibrithe
- Straitéisí cumarsáide (m. sh., cruinnithe foirne, nuachtlitir, clár fógraí, &rl.)

10.4.3 Cén chaoi a léirítear meas agus tacaíocht thuisceanach íogaireach do dhaoine fásta atá ag obair sa suíomh, ar bhealach a spreagann agus a chothaíonn muinín? Féach 14.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Próisis déanta cinntí, comhchomhairle, smaointe gach duine a thabhairt san áireamh Féach 4.1
- Deiseanna chun smaointe, tuairimí agus eolas a roinnt, m. sh., riachtanais na foirne
- Deiseanna rialta chun aiseolas a thabhairt agus a fháil maidir leis an gcaoi a bhfuil baill foirne/daoine fásta ag déanamh dul chun cinn ina rólanna
- Córais agus próisis chun a chinntiú go bhfuil gach duine fásta in ann teacht ar thacaíocht chuí dá rólanna

10.4.4 Cad iad na deiseanna atá curtha ar fáil do dhaoine fásta chun pleanáil agus ullmhú d'oideachas, oiliúint agus chun leanúint lena bhforbairt ghairmiúil? Féach 11.4

10.4.5 Cén chaoi a n-aithníonn agus a bhfreagraíonn do shuíomh go dearfach i leith malartú i modhanna nua chur chuige nó smaointe nua ar thángthas orthu trí oideachas agus fhorbairt leanúnach ghairmiúil/ gníomhaíochtaí in-seirbhíse?

10.4.6 Cén chaoi a ndéanann tú forbairt ar do shuíomh mar thimpeallacht foghlama do mhic léinn/daoine fásta?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Taighde gníomhaíochta a spreagadh
- Sampla de dhea-chleachtas a chur ar fáil
- Insealbhú agus treorú mac léinn
- Comhairleoireacht
- Traenáil
- Cumarsáid le soláthróirí oiliúna

## Comhpháirt 10.5

**Is léir go bhfuil spiorad an mheithil go láidir sa suíomh.**

### Deis Mhachnaimh

10.5.1 Cén chaoi a spreagtar agus a gcuirtear chun cinn meithleacha oibre sa suíomh atá agat?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cruthú agus ag tabhairt tacaíochta do chultúr le hobair mheithle
- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngíomhaíochtaí meithle
- Malartú eolais d'fhonn tacú le hobair mheithle
- An chaoi a léiríonn daoine fásta/idirghníomhaíochtaí daoine fásta tacaíocht agus muinín cómhalartach ina chéile Féach 5.5
- Ag cinntiú go léirítear meas ar chearta maidir le rúndacht i measc gach duine fásta sa suíomh Féach 12.3
- Ag reáchtáil cruinnithe structúrtha foirne go rialta ina bhfuil clár oibre agus taifead á choinneáil

## Comhpháirt 10.6

**Coinníonn an suíomh taifid chruinne riaracháin atá ábhartha chomh maith le caighdeáin chuí rúndachta a chaomhnú ag an am céanna.** Féach 12.3

### Deis Mhachnaimh

10.6.1 Cad iad na cineálacha taifead a choinnítear i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Páistí, baill foirne, tinreamh, timpistí/eachtraí, leigheas, riarachán, cead tuismitheora maidir le turais agus grianghraif, cláir ama maidir le glanadh, druileanna dóiteáin, &rl.
- Ag cinntiú rúndacht taifead atá íogaireach nó ina ndéantar tagairt do shonraí pearsanta pháistí, theaghlaigh agus bhaill foirne
- Stóráil taifead
- Rochtain ar thaifid
- Taifid á roinnt Féach 12.2
- Cruinneas taifead
- Freagracht as taifid a choinneáil
- Athbhreithniú rialta ar thaifid

# Comhpháirt 10.7

**Cruinneas taifead Freagracht as taifid a choinneáil Athbhreithniú rialta ar thaifid**

## Deis Mhachnaimh

10.7.1 An bhfuil struchtúr bainistíochta sainmhínithe i bhfeidhm atá curtha i láthair agus le tuiscint go soiléir ag gach duine atá ag baint úsáide as an suíomh?

10.7.2 An bhfuil coiste bainistíochta ann, má oireann a leithéid?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhdhéanamh an choiste
- Rialtacht na gcruinnithe
- Tionóltar cruinnithe go daonlathach
- Taifid de na cruinnithe

10.7.3 Cad iad na scileanna, taithí agus cumais atá riachtanach maidir leo siúd i bpoist bhainistíochta chun fealsúnacht agus polasaithe an tsuímh a chur i bhfeidhm? Féach 11.1

10.7.4 Cén chaoi a spreagann agus a dtacaíonn struchtúir bhainistíochta gníomhach timpeallacht ina bhfuil muinín, obair mheithle agus uilechuimsitheacht sa suíomh?

10.7.5 Cad iad na próisis atá i bhfeidhm chun tacú le pleanáil straitéiseach sa mheán-téarma agus san fhadtéarma d'fhorbairt an tsuímh?

# Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil

Má táthar chun cleachtadh i slí ghairmiúil is cóir go mbeadh scileanna, eolas, luachanna agus meon ag lucht cleachtaithe a oireann dá ról agus dá bhfreagracht sa suíomh. Ina theannta sin, tá gá le machnamh rialta ar chleachtas agus le forbairt ghairmiúil leanúnach le tacaíocht.



## Comhpháirt 11.1

**s féidir leis na daoine fásta go léir atá ag obair sa suíomh fianaise a thabhairt go bhfuil leibhéil chuí scileanna agus eolais acu a oireann dá ról agus dá bhfreagrachtaí.**

## Comhpháirt 11.2

**Glacann na daoine fásta go léir le prionsabail áirithe lárnacha a threoraíonn gach gné dá gcleachtas i suímh chúraim agus oideachais luath-óige.**

## Comhpháirt 11.3

**Cuireann an suíomh deiseanna rialta ar fáil go fial do chleachtóirí machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas agus cuidiú le cleachtas atá ar ardchaighdeán a fhorbairt sa suíomh.**

## Comhpháirt 11.4

**Spreagtar daoine fásta laistigh den suíomh chun páirt a ghlacadh go fairsing agus go leanúnach i bhforbairt ghairmiúil agus cuirtear acmhainní chuí ar fáil dóibh chuige sin.**

## Comhpháirt 11.5

**Léiríonn daoine fásta go bhfuil tuiscint agus mothálacht acu do na paistí agus dá dteaghlaigh agus go bhfuil siad ceanúil orthu.**

## Comhpháirt 11.1

**Is féidir leis na daoine fásta go léir atá ag obair sa suíomh fianaise a thabhairt go bhfuil leibhéil chuí scileanna agus eolais acu a oireann dá ról agus dá bhfreagrachtaí.**

### Deis Mhachnaimh

11.1.1 Cad iad na leibhéil cháilíochta atá sroichte ag na daoine fásta atá ag obair sa suíomh?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Eangach Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann de Tháscairí Leibhéil
- Riachtanais cháilíochta ghairmiúla

11.1.2 An féidir le daoine fásta atá ag obair go díreach le páistí sa suíomh a léiriú go bhfuil scileanna agus eolas acu i réimsí lárnacha a bhaineann lena ról agus a bhfreagrachtaí?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Riachtanais speisialta

11.1.3 An bhfuil siad siúd i rólanna bainistíochta cáilithe go leibhéal na bunchéime ar a laghad nó a chomhionann?

11.1.4 An bhfuil daoine fásta atá ag obair i bpoist neamhspleácha nó mhaoirseachta cáilithe ar a laghad go Comhairle na nDamhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) Leibhéal 6 nó a chomhionann?

11.1.5 An áirítear gach duine fásta d'fhonn coibhneasa de dhaoine fásta le páistí a oibriú amach sa suíomh cáilithe go Leibhéal 5 FETAC nó a chomhionann?

11.1.6 An gcaitear le gach duine fásta eile nach bhfuil cáilithe nó atá i mbun oiliúna agus cáilíochtaí mar dhaoine breise sa suíomh?

11.1.7 An bhfuil siad siúd atá ag obair i bpoist thacaíochta cáilithe go cuí?

11.1.8 én cruthúnas ar féidir le daoine fásta a chur ar fáil chun na leibhéil scileanna agus eolais atá bainte amach acu a léiriú?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Foghlaim fhoirmeálta (m. sh., cáilíochtaí, foghlaim dheimhnithe, &rl.)
- Foghlaim neamhfhoirmeálta (m. sh., réimsí foghlama, taithí, &rl.)

## Comhpháirt 11.2

**Glacann na daoine fásta go léir le prionsabail áirithe lárnacha a threoraíonn gach gné dá gcleachtas i suímh chúraim agus oideachais luath-óige.**

### Deis Mhachnaimh

11.2.1 Cad iad na prionsabail lárnacha a threoraíonn agus a thugann bonn don chleachtas i do shuíomh?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ráiteas fealsúnachta
- Cód gairmiúil eitice
- Cód deonach cleachtais
- Prionsabail/Caighdeáin Náisiúnta
- Treoirlínte eagraíochtaí cleachtas náisiúnta
- Treoirlínte idirnáisiúnta

- Reachtaíocht agus rialacháin náisiúnta Féach 15.1

11.2.2 Cad iad na próisis a léiríonn an tionchar atá ag do ráiteas prionsabal/físe ar chleachtais i do shuíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Próisis mheithleacha Féach 10.4
- Próisis rannpháirtíocht thuismitheoirí Féach 3.2
- Próisis chomhchomhairle Féach 4.1
- Cleachtas bunaithe ar bhreathnóireacht Féach 7.6
- Curaclam/clár
- Próisis thaighde (m. sh., leabharlann, idirlíon, &rl.)

## Comhpháirt 11.3

**Cuireann an suíomh deiseanna rialta ar fáil go fial do chleachtóirí machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas agus cuidiú le cleachtas atá ar ardchaighdeán a fhorbairt sa suíomh.** Féach 8.1

### Deis Mhachnaimh

11.3.1 Cad iad na próisis atá i bhfeidhm chun am a thabhairt do chleachtóirí macnamh a dhéanamh ar a gcleachtas, d'fhonn na réimsí siúd ina bhfuil sé riachtanach breis eolais a fháil agus cur chuige difriúil a ghlacadh a aithint?

11.3.2 Cé chomh minic is a leagtar amach am i do shuíomh chun macnamh grúpa a dhéanamh agus plé a dhéanamh ar an gcleachtas?

11.3.3 Cén chaoi a spreagtar cleachtóirí a dtaithí agus a smaointe a roinnt maidir le cleachtas sa suíomh? Féach 16.1

## Comhpháirt 11.4

**Spreagtar daoine fásta laistigh den suíomh chun páirt a ghlacadh go fairsing agus go leanúnach i bhforbairt ghairmiúil agus cuirtear acmhainní chuí ar fáil dóibh chuige sin.**

### Deis Mhachnaimh

11.4.1 Cén cineál gníomhaíochta um forbairt ghairmiúil ina nglacann na daoine fásta atá ag obair sa suíomh páirt?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Comhdhálacha
- Ceardlanna
- Grúpaí clochair
- Cúrsaí agus seimineáir ag leibhéal coláiste
- Cúrsaí ar an idirlíon agus acmhainní idirlín
- Inseirbhís, cúrsaí samhraidh
- Leabharlann acmhanní a thiomsú nó dul ina gcomhairle
- Malairtí bhaill foirne
- Breathnadóireacht ar chleactóirí/suímh eile
- Comhairleoireacht agus traenáil

11.4.2 Cén chaoi a spreagtar cleachtóirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Plean forbartha gairmiúil atá réalaíoch agus ar féidir a bhaint amach
- Forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an phlean seo
- Leibhéal na seisiún oiliúna in-seirbhíse atá ar fáil

- Seisiúin atá sainiúil don luath-óige nó inar féidir feidhm a bhaint as prionsabail foghlama daoine fásta
- Deis agus struchtúir chun comhairleoireacht a éascú do chleachtóirí
- Ábhar gríosaithe chun cleachtóirí a spreagadh páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil
- Dáileadh acmhainní (am, maoiniú, ábhair) i gcóir forbartha gairmiúla
- Baill foirne thacaíochta (m. sh., cócaire, tiománaí bus, rúnaí, &rl.) agus oibrithe deonacha: insealbhú agus treorú cuí a thógann ar bhealach dearfach ar na leibhéil shaineolais atá acu cheana féin

11.4.3 11.4.3 Cé chomh minic is a dhéantar breathnóireacht rialta ar chleachtóirí sa suíomh agus a dtugtar aischothú dóibh ó dhuine atá cleachtaithe le spriocanna, cuspóirí agus modhanna oibre le páistí an churaclaim/an chláir

11.4.4 11.4.4 Cén chaoi a mbaintear úsáid as caidrimh oibre comhoibritheacha le seirbhísí eile sa phobal chun tacú le forbairt phroifisiúnta na gcleachtóirí? Féach 16.1 / 16.3

## Comhpháirt 11.5

**Léiríonn daoine fásta go bhfuil tuiscint agus mothálacht acu do na paistí agus dá dteaghlaigh agus go bhfuil siad ceanúil orthu.**

Féach 5.3 Féach 9.6

### → Deis Mhachnaimh

11.5.1 Cén chaoi a n-aithnítear iarrachtaí páistí indibhidiúla agus cén chaoi a dtugtar spreagadh dóibh? Féach 5.3 / 5.4

11.5.2 Cén chaoi a dtugann tú an t-eolas seo le fios do thuismitheoirí agus teaghlaigh? Féach 3.1

11.5.3 Cén chaoi a dtugann daoine fásta spreagadh do pháistí idirghníomhú le chéile, agus aghaidh a thabhairt ar a chéile le haghaidh cúnaimh i rith an lae? Féach 5.1 / 5.2

11.5.4 Cén chaoi a bhfreagraíonn daoine fásta go híogaireach do na riachtanais atá ag tuismitheoirí eolas agus athdhearbhú a fháil ar fholláine a bpáiste? Féach 3.3 Féach 12.2

# Caighdeán 12: Cumarsáid

Chun go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann ar mhaithe leis an pháiste, tá gá le polasaithe, nósanna imeachta agus gnímh a chuireann roinnt eolais agus faisnéise chun cinn go gníomhach i measc páirtithe leasmhara cuí, le meas agus le rúndacht.



## Comhpháirt 12.1

**Bailíonn an suíomh faisnéis chuí, ábhartha ar gach pháiste agus stóráiltear ar bhealach sábháilte é.**

## Comhpháirt 12.2

**Tá an suíomh réamhghníomhach agus é ag roinnt faisnéise mar is cuí le páirtithe leasmhara eile ar mhaithe leis an bpáiste.**

## Comhpháirt 12.3

**Baineann rúndacht leis an gcaoi a dtaifeadann, a stórálann agus a roinneann an fhoireann faisnéis ar mhaithe leis na páistí.**

## Comhpháirt 12.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le cumarsáid laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

# Comhpháirt 12.1

**Bailíonn an suíomh faisnéis chuí, ábhartha ar gach pháiste agus stóráiltear ar bhealach sábháilte é.**

## Deis Mhachnaimh Ginearálta

12.1.1 Cén chaoi a mbailíonn do shuíomh faisnéis ar pháistí indibhidiúla (go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon)?

Féach 3.1 Féach 7.6 Féach 10.6

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Nádúr na faisnéise a iarrtar agus a stóráltar
- Ag cinntiú go dtaifeadtar faisnéis i gceart agus go cruinn
- Áiseanna le haghaidh stóráil shábháilte na faisnéise seo
- Rochtain ar an bhfaisnéis seo
- Rochtain ar na taifid i staid éigeandála
- Ag cinntiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar an bhfaisnéis atá bailithe agus go gcoinnítear cruinn é
- Ag roinnt faisnéise (go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil) idir gach geallshealbhóir ábhartha
- Úsáid agus taifid bhreathnóireacht pháiste
- Ag tabhairt ról do thuismitheoirí

# Comhpháirt 12.2

**Tá an suíomh réamhghníomhach agus é ag roinnt faisnéise mar is cuí le páirtithe leasmhara eile ar mhaithe leis an bpáiste.**

## Deis Mhachnaimh

12.2.1 Cén chaoi a ndéanann tú cinneadh cé aige nó aici a bheidh rochtain ar an bhfaisnéis agus cén chaoi a roinnfear é?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Rochtain tuismitheoirí ar faisnéis Féach 3.1 / 3.3
- Faisnéis ábhartha/gheallshealbhóirí
- Leasa is fearr an pháiste
- A bheith réamhghníomhach

12.2.2 Cén chaoi a stóráltar eolas?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Daoine fásta laistigh den suíomh
- Páirtithe leasmhara cuí lasmuigh den suíomh
- Aischothú rialta do thuismitheoirí maidir lena bpáiste
- Craobhscaoileadh faisnéise ó eagraíochtaí ábhartha eile do thuismitheoirí Féach 16.1
- Faisnéis a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus seirbhísí eile sa cheantar ar na seirbhísí atá curtha ar fáil ag an suíomh
- Ag cur chun cinn rochtain éasca do pháistí agus do theaghlaigh ar sheirbhísí eile sa phobal
- Eolas a chur ar fáil do dhaoine a labhraíonn teangacha eile (m. sh., tuismitheoirí le teanga dhúchais eile seachas ceann an tsuímh) nó ag a bhfuil míchumais (m. sh. tuismitheoirí atá bodhar nó a bhfuil deacracht éisteachta acu, tuismitheoirí atá caoch nó maolchaoch, tuismitheoirí ag a bhfuil míchumais eile a chuireann isteach ar a gcumas eolas a fháil nó a thuiscint) Féach 14.2

12

*Lámhleabhar Síolta*

## Comhpháirt 12.3

**Baineann rúndacht leis an gcaoi a dtaifeadann, a stórálann agus a roinneann an fhoireann faisnéis ar mhaithe leis na páistí.**

### Deis Mhachnaimh

12.3.1 Cén chaoi a roinntear faisnéis ar bhealach atá rúnda?

Féach 14.3

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Gealltanais do thuismitheoirí
- Comhlíonadh le reachtaíocht maidir le cosaint sonraí ábhartha/
- Dul i gcomhcomhairle le tuismitheoirí maidir le cead a fháil chun faisnéis faoin a bpáiste a roinnt
- An chaoi a gcuireann an córas taifeadta agus stórála rúndacht chun cinn
- Áiseanna sábhailte stórála do thaifid

## Comhpháirt 12.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le cumarsáid laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

### Deis Mhachnaimh

12.4.1 Céard iad na polasaithe laistigh de do shuíomh a bhaineann le taifead agus roinnt faisnéise ar leas páistí?

Féach 10.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- An chaoi a gcuireann na polasaithe agus na nósanna imeachta chun cinn roinnt eolais agus fáisnéise ar leas an pháiste
- An raon páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis na próisis chun polasaithe agus nósanna imeachta a bheartú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú

Féach 4.1

- Cur i bhfeidhm polasaí
- Nósanna imeachta a dhoiciméadú
- Ag cinntiú go duigeann agus go leanann baill foirne ábhartha/daoine fásta na nósanna imeachta seo

# Caighdeán 13: Aistrithe

Chun leanúnachas eispéireas a chinntiú do gach páiste, is gá polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a bheith ann a bhfuil sé mar aidhm acu aistrithe a láimhseáil go comhthuisceanach. Is cóir go mbeadh na príomhchaidrimh buanseasmhach agus go mbeadh cumarsáid taobh istigh de shuímh agus ó shuíomh go suíomh. Is gá, chomh maith, eolas ábhartha a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh (le cead na dtuismitheoirí), agus is gá na tuismitheoirí agus daoine gairmiúla cuí a bheith rannpháirteach go dlúth.



## Comhpháirt 13.1

**Déantar aistrithe réidhe a éascú agus a chur chun cinn trí bhuanchaidrimh lárnacha a sholáthar laistigh den suíomh.**



## Comhpháirt 13.2

**Déanann an suíomh aistrithe réidhe a chur chun cinn trí chomhoibriú cuí laistigh de na suímh agus idir na suímh a chinntiú.**



## Comhpháirt 13.3

**Glactar comhairle ó thuismitheoirí, ó pháistí agus ó ghairmithe cuí agus bíonn siadsan ag obair chun a chinntiú go mbíonn na haistrithe chomh réidh agus is féidir do na páistí.**

## Comhpháirt 13.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le haistrithe laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

## Comhpháirt 13.1

**Déantar aistrithe réidhe a éascú agus a chur chun cinn trí bhuanchaidrimh lárnacha a sholáthar laistigh den suíomh.**

### Deis Mhachnaimh Ginearálta

13.1.1 Cén chaoi a dtacaíonn an suíomh le buanchaidrimh lárnacha do pháistí?

#### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Taithí na ndaoine fásta
- Na daoine fásta céanna i rith na bliana Féach 5.6
- Ag cinntiú íogaireacht do riachtanais an pháiste ag amanna aistrithe i rith an lae Féach 5.3
- Ag soláthar caidrimh ceana daingean le daoine fásta sa suíomh Féach 14.2
- An chaoi a n-éascaíonn na caidrimh daingne seo aistriú réidh páistí isteach/laistigh/amach ón suíomh
- Córas príomhoibrithe i bhfeidhm

### Breith - 18 mí

13.1.2 Cén chaoi a gcinntíonn tú forbairt chaidreamh lárnach do naíonáin laistigh den suíomh?

13.1.3 Cén chaoi a láimhseálann tú aistriú an naíonáin isteach i do shuíomh?

## Comhpháirt 13.2

**Déanann an suíomh aistrithe réidhe a chur chun cinn trí chomhoibriú cuí laistigh de na suímh agus idir na suímh a chinntiú.**

### Deis Mhachnaimh

13.2.1 Cén chaoi a dtacaíonn do shuíomh le haistriú an pháiste isteach sa/laistigh de/ón suíomh?

#### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Bailiú faisnéise sula dtéann an páiste isteach sa suíomh Féach 12.1
- Ag roinnt na faisnéise seo go cuí laistigh den suíomh Féach 12.2
- Ag déanamh naisc le suímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile chun aistrithe réidhe a chur chun cinn Féach 16.4
- Ag cur faisnéise agus comhairle ar fáil do shuímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile nuair atá an páiste ag aistriú ó do shuíomh

## Comhpháirt 13.3

**Glactar comhairle ó thuismitheoirí, ó pháistí agus ó ghairmithe cuí agus bíonn siadsan ag obair chun a chinntiú go mbíonn na haistrithe chomh réidh agus is féidir do na páistí.**

## Deis Mhachnaimh

13.3.1 Cén chaoi a dtéitear i gcomhairle le agus a dtugtar ról do thuismitheoirí, páistí agus daoine proifisiúnta ábhartha in aistrithe páistí isteach/laistigh/amach ó do shuíomh? Féach 4.1

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag cur ar chumas na foirne agus na dtuismitheoirí casadh le chéile agus saincheisteanna a phlé sula gcuirtear an páiste ar an rolla Féach 3.1
- Deiseanna cuairt a dhéanamh ar an suíomh sula gcuirtear an páiste ar an rolla
- Páistí a insealbhú i ndiaidh a bheith curtha ar an rolla
- Ag éascú agus ag tabhairt spreagadh do thuismitheoirí am a chaitheamh sa suíomh lena bpáiste tar éis di/dó a bheith curtha ar an rolla Féach 3.2
- Ag fáil faisnéise faoin bpáiste ó thuismitheoirí/suímh ina mbíodh sí/sé
- Faisnéis a chur ar fáil do shuímh eile, le cead tuismitheora Féach 12.2 / 12.3
- An chaoi a dtacaíonn naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla le heagraíochtaí ábhartha eile sa phobal le haistrithe Féach 16.3

## Comhpháirt 13.4

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le haistrithe laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

## Deis Mhachnaimh

13.4.1 Cén chaoi a dtacaíonn do pholasaithe agus do nósanna imeachta le do ghníomhaíochtaí maidir le haistrithe na bpáistí? Féach 10.2

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Athbhreithniú agus nuashonrú polasaí
- Ó pholasaí go cleachtas
- Nósanna imeachta a dhoiciméadú
- Ag cinntiú go dtuigeann agus go leanann baill foirne/daoine fásta na nósanna imeachta seo

# Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas

Má táthar chun féiniúlachta dearfacha agus mothúchán láidir mhuintearais a chur chun cinn, is cóir go mbeadh polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtas ann atá sainmhínithe go soiléir. Cuireann siad seo ar chumas gach páiste agus duine fhásta féiniúlacht mhuiníneach maidir leo féin agus maidir leis an ngrúpa a fhorbairt agus tuiscint agus meas dearfach a bheith acu ar fhéiniúlacht agus ar chearta daoine eile.



## Comhpháirt 14.1

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le feiniúlachtaí dhearfacha agus mothúchán láidir mhuintearais laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.**

## Comhpháirt 14.2

**Cuireann an suíomh féiniúlacht mhuiníneach chun cinn sa dhuine aonar agus sa ghrúpa trí thimpeallacht, eispéiris agus idirghníomhaithe oiriúnacha a sholáthar taobh istigh den suíomh.**

## Comhpháirt 14.3

**Cuireann an suíomh comhthuiscint dhearfach agus meas ar fhéiniúlacht agus cearta daoine eile chun cinn trí thimpeallacht, eispéiris agus idirghníomhaithe oiriúnacha a sholáthar taobh istigh den suíomh.**

# Comhpháirt 14.1

**Coinnítear cuntais scríofa sa suíomh ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le feiniúlachtaí dhearfacha agus mothúchán láidir mhuintearais laistigh den suíomh, agus cuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad iad.** Féach 10.1

## Deis Mhachnaimh

14.1.1 Céard iad na polasaithe agus na nósanna imeachta laistigh de do shuíomh a bhaineann le cur chun cinn ionannais dhearfacha agus áit a ghlacadh ar leas na bpáistí?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Uilechuimsitheacht
- Frithidirdhealú/frithchlaonadh
- Rochtain
- Maistíneacht
- Bainistíocht iompair
- Earcú

14.1.2 Cén chaoi a n-imríonn na polasaithe agus na nósanna imeachta seo tionchar ar chleachtas?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Raon páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an bpróiseas chun na polasaithe agus na nósanna imeachta seo a chur i dtoll a chéile Féach 4.1
- Próisis chun na polasaithe agus na nósanna imeachta seo a athbhreithniú agus a nuashonrú
- Ag cinntiú go dtuigeann agus go leanann gach duine na polasaithe agus na nósanna imeachta seo

# Comhpháirt 14.2

**Cuireann an suíomh féiniúlacht mhuiníneach chun cinn sa dhuine aonar agus sa ghrúpa trí thimpeallacht, eispéiris agus idirghníomhaithe oiriúnacha a sholáthar taobh istigh den suíomh.**

Féach 2.5 / 2.6 Féach 5.5

## Deis Mhachnaimh

14.2.1 Cén chaoi a dtugann an timpeallacht aitheantas agus a gcuireann sé chun cinn cultúr agus cúlra na páistí ar fad sa suíomh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Íomhánna de shaol an teaghlaigh/an phobail (m. sh., grianghraif, postaeir, líníochtaí páistí, &rl.)
- Bréagáin (m. sh., uirlisí cócaireachta, bosca gléasadh suas, bréagáin an domhain bhig, &rl.)
- Bogábhar ríomhaireachta
- Leabhair agus ábhair
- Ag seachaint léiriú samhlacha saintréitheacha agus íomhánna cultúrtha (m. sh., gnéas, cultúr, aois, ábaltacht, &rl.)
- Ag seachaint claonta (m. sh., gnéas, dath, cine, cleamhnacht chreidimh, struchtúr teaghlaigh, stádas soch-eacnamaíoch, &rl.) laistigh de ghníomhaíochtaí

14.2.2 Cén chaoi a gcuireann na heachtraí atá curtha ar fáil agat don pháiste féin-ionannas agus ionannas grúpa muiníneach chun cinn?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tabhairt spreagadh don fhoireann a bheith eolach ar a gcreidimh féin, ar a luachanna agus ar a meonta i leith ilghnéitheacht laistigh den suíomh

Féach 5.5 Féach 11.2

- Sofhreagracht agus íogaireacht daoine fásta d'ionannas agus cearta gach páiste laistigh den suíomh Féach 1.1 Féach 5.2
- Teanga (an teanga Ghaeilge, céad teanga an pháiste, ábhair/eolas ar fáil i gcéad teanga an teaghlaigh, ag cur chun cinn cumarsáid idir páistí a labhraíonn Béarla agus nach labhraíonn Béarla, straitéisí chun páistí a spreagadh iad féin a chur in iúl i bhfocail agus trí bhealaí eile, ag cinntiú go bhfuil ainm gach páiste ar eolas agus go bhfuaimnítear i gceart é) Féach 5.2
- Straitéisí i bhfeidhm chun céad teanga an pháiste a thacú agus a chothabháil fad is atá sí/sé ag foghlaim teanga bhreise (m. sh., oiliúint/leabharlann acmhainní foirne, comharthaí agus lipéid sa chéad teanga, teagmháil le teaghlaigh, &rl.)
- Ag ardú feasachta i dtaobh bealaí éagsúla saoil (m. sh., fíoraíocht teaghlach, cineálacha tithíochta, suímh gheografacha, &rl.)
- Ceiliúrtha (m. sh., laethanta breithe, féilte, eachtraí tábhachtacha i saol an pháiste, &rl.)
- Ag tabhairt spreagadh do agus ag tacú le tuismitheoirí gnéithe dá gcultúr nó dá gcúlra a roinnt le gach duine laistigh den suíomh (m. sh., oidis, scéalaíocht, nósanna agus cultúr, &rl.) Féach 3.2
- Ag cinntiú go bhfuil teicnící measúnaithe saor ó chlaonadh cultúrtha agus gnéis Féach 7.6

**14.2.3** Céard iad na bealaí ina gcuireann an suíomh féin-mheas láidir chun cinn i measc na bpáistí?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Slándáil i gcaidrimh Féach 9.6
- Ag cur chun cinn an chiall go bhfuil áit ag an duine sa suíomh
- Ag cur cosc ar idirdhealú/maistíneacht Féach 5.6
- Ag cur cuspóir agus freagracht ar fáil do pháistí Féach 1.2
- Ag forbairt inniúlachta
- Ag cinntiú gur féidir le páistí idirghníomhú le samhlacha dearfacha daoine fásta óna gcúlra cultúrtha, eitneach féin nó ó chúlra eile Féach 5.5

**14.2.4** Cén chaoi a n-oibríonn an suíomh i gcoinne focal nó gníomhartha a léiríonn idirdhealú? Féach 5.6

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag aithint agus ag léiriú comhbhá le páistí agus le daoine fásta a raibh éifeacht ag idirdhealú agus ag ciníochas orthu
- Ag tabhairt spreagadh don fhoireann staideanna deacra a phlé
- Ag tabhairt tacaíochta do dhaoine fásta agus do pháistí droch-thaithí i ndáil le ciníochas agus le hidirdhealú a shárú
- Forbairt leanúnach phroifisiúnta a chur ar fáil Féach 11.4

**14.2.5** Céard iad na gnéithe de do chleachtas a chuireann meas agus tuiscint ar ilghnéitheacht chun cinn sna réimsí seo a leanas?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cine
- Eitníocht
- Ballraíocht den lucht siúil
- Cuma
- Creideamh
- Teanga
- Cúlra teaghlaigh
- Gnéas
- Aois
- Ábaltacht

# Comhpháirt 14.3

**Cuireann an suíomh comhthuiscint dhearfach agus meas ar fhéiniúlacht agus cearta daoine eile chun cinn trí thimpeallacht, eispéiris agus idirghníomhaithe oiriúnacha a sholáthar taobh istigh den suíomh.** Féach 2.5 / 2.6 Féach 5.5

## ➔ Deis Mhachnaimh

14.3.1 Cén chaoi a sholáthraíonn an timpeallacht tuiscint dhearfach agus meas ar ionannas agus cearta daoine eile?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Íomhánna de shaol an teaghlaigh/an phobail (m. sh., grianghraif, postaeir, líníochtaí páistí, &rl.)
- Bréagáin (m. sh., uirlisí cócaireachta, bosca gléasadh suas, bréagáin an domhain bhig, &rl.)
- Bogábhar ríomhaireachta
- Leabhair agus ábhair
- Ag seachaint léiriú samhlacha saintréitheacha agus íomhánna cultúrtha (m. sh., gnéas, cultúr, aois, ábaltacht, &rl.)
- Ag seachaint claonta (m. sh., gnéas, dath, cine, cleamhnacht chreidimh, struchtúr teaghlaigh, stádas soch-eacnamaíoch, &rl.) laistigh de ghníomhaíochtaí

14.3.2 Cén chaoi a gcuireann taithí leanúnach an pháiste laistigh den suíomh tuiscint dhearfach agus meas ar ionannas agus ar chearta daoine eile chun cinn?

## Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag tabhairt spreagadh don fhoireann a bheith eolach ar a gcreidimh féin, ar a luachanna agus ar a meonta i leith ilghnéitheacht laistigh den suíomh Féach 5.5 Féach 11.2
- Sofhreagracht agus íogaireacht daoine fásta d'ionannas agus cearta gach páiste laistigh den suíomh Féach 1.1 Féach 5.2
- Teanga (an teanga Ghaeilge, céad teanga an pháiste, ábhair/eolas ar fáil i gcéad teanga an teaghlaigh, ag cur chun cinn cumarsáid idir páistí a labhraíonn Béarla agus nach labhraíonn Béarla, straitéisí chun páistí a spreagadh iad féin a chur in iúl i bhfocail agus trí bhealaí eile, ag cinntiú go bhfuil ainm gach páiste ar eolas agus go bhfuaimnítear i gceart é) Féach 5.2
- Straitéisí i bhfeidhm chun céad teanga an pháiste a thacú agus a chothabháil fad is atá sí/sé ag foghlaim teanga bhreise (m. sh., oiliúint/leabharlann acmhainní foirne, comharthaí agus lipéid sa chéad teanga, teagmháil le teaghlaigh, &rl.)
- Ag ardú feasachta i dtaobh bealaí éagsúla saoil (m. sh., fíoraíocht teaghlach, cineálacha tithíochta, suímh gheografacha, &rl.)
- Ceiliúrtha (m. sh., laethanta breithe, féilte, eachtraí tábhachtacha i saol an pháiste, &rl.)
- Ag tabhairt spreagadh do agus ag tacú le tuismitheoirí gnéithe dá gcultúr nó dá gcúlra a roinnt le gach duine laistigh den suíomh (m. sh., oidis, scéalaíocht, nósanna agus cultúr, &rl.) Féach 3.2
- Ag cinntiú go bhfuil teicnící measúnaithe saor ó chlaonadh cultúrtha agus gnéis Féach 7.6

14.3.3 Céard iad na bealaí ina gcuireann an suíomh féin-mheas láidir chun cinn i measc na bpáistí?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Slándáil i gcaidrimh Féach 9.6
- Ag cur chun cinn an chiall go bhfuil áit ag an duine sa suíomh
- Ag cur cosc ar idirdhealú/maistíneacht Féach 5.6
- Ag cur cuspóir agus freagracht ar fáil do pháistí Féach 1.2
- Ag forbairt inniúlachta
- Ag cinntiú gur féidir le páistí idirghníomhú le samhlacha dearfacha daoine fásta óna gcúlra cultúrtha, eitneach féin nó ó chúlra eile Féach 5.5

14.3.4 Cén chaoi a n-oibríonn an suíomh i gcoinne focal nó gníomhartha a léiríonn idirdhealú? Féach 5.6

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Ag aithint agus ag léiriú comhbhá le páistí agus le daoine fásta a raibh éifeacht ag idirdhealú agus ag ciníochas orthu
- Ag tabhairt spreagadh don fhoireann staideanna deacra a phlé
- Ag tabhairt tacaíochta do dhaoine fásta agus do pháistí droch-thaithí i ndáil le ciníochas agus le hidirdhealú a shárú
- Forbairt leanúnach phroifisiúnta a chur ar fáil Féach 11.4

14.3.5 Céard iad na gnéithe de do chleachtas a chuireann meas agus tuiscint ar ilghnéitheacht chun cinn sna réimsí seo a leanas?

Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Cine
- Eitníocht
- Ballraíocht den lucht siúil
- Cuma
- Creideamh
- Teanga
- Cúlra teaghlaigh
- Gnéas
- Aois
- Ábaltacht

# Caighdeán 15: Reachtaíocht agus Rialú

Is gá gach rialachán agus ceanglas reachtúil ábhartha a chomhlíonadh, nó dul tharstu.



# Comhpháirt 15.1

**Comhlíonann an suíomh gach reachtaíocht agus gach rialachán ábhartha nó téann sé tharstu.**

# Comhpháirt 15.1

**Comhlíonann an suíomh gach reachtaíocht agus gach rialachán ábhartha nó téann sé tharstu.**

## → Deis Mhachnaimh

15.1.1 An gcomhlíonann do sheirbhís an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha atá liostáilte in Aguisín 2?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Fostaíocht
- Comhionannas
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Tógáil agus Pleanáil
- Cosaint Sonraí

15.1.2 An bhfuil duine (nó daoine) ainmnithe agat a thuigeann agus a ghlacann freagracht as cinntiú go gcomhlíonann an tseirbhís leis an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha atá faoi iamh in Aguisín 2?

15.1.3 Céard iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agat chun cinntiú go bhfanann an suíomh suas chun dáta le reachtaíocht agus le rialacháin nua?

# Caighdeán 16: Rannpháirteachas an Phobail

Chun rannpháirteachas an phobail a chur chun cinn, is gá gréasáin agus ceangail a chruthú agus, mar fhianaise air sin, polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhartha a bheith ann a mhéadaíonn ar theagmháil gach duine fásta agus gach páiste leis an bpobal mór, agus a thacaíonn leis an dteagmháil sin.



## Comhpháirt 16.1

**Tá raon cuimsitheach faisnéise bailithe agus curtha ar fáil ag an suíomh maidir le hacmhainní ag leibhéil áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta.**

## Comhpháirt 16.2

**Tá ceangail curtha ar bun ag an suíomh a bhfuil sé de chumas acu rannpháirtíocht an tsuímh leis an bpobal mór a leathnú agus a fhorbairt.**

## Comhpháirt 16.3

**Tá an suíomh ceangailte, comhtháite leis an bpobal áitiúil, an pobal réigiúnda agus an pobal náisiúnta.**

## Comhpháirt 16.4

**Cuireann an suíomh saoránacht páistí ina bpobal áitiúil, a bpobal réigiúnda agus a bpobal náisiúnta chun cinn go gníomhach.**

# Comhpháirt 16.1

**Tá raon cuimsitheach faisnéise bailithe agus curtha ar fáil ag an suíomh maidir le hacmhainní ag leibhéil áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta.**

Féach 12.2

## Deis Mhachnaimh

16.1.1 Cén t-eolas atá curtha ar fáil agat ar an raon áiseanna, seirbhísí agus deiseanna atá ann ag an leibhéal áitiúil, réigiúnda agus náisiúnta a fhéadfar a úsáid chun cuspóirí agus spriocanna do sheirbhís a thacú agus a chur chun cinn?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Tacaíocht phroifisiúnta (m. sh., Coistí Cúraim Páistí Contae, ceardchumainn, eagraíochtaí an Lucht Siúil, Barnardos, eagraíochtaí ballraíochta [m. sh., National Children's Nurseries Association, Forbairt Naíonraí Teo, Bord Oideachais Montessori na hÉireann], líonraí eile cleachtóirí agus seirbhísí luath-óige [m. sh., Border Counties Childcare Network], &rl.) Féach 11.4
- Seirbhísí sláinte (m. sh., dochtúir, clinic/altra sláinte phoiblí, oifigigh réamh-scolaíochta, teiripeoirí, fiaclóirí, Meitheal Luath-Idirghabhála, &rl.) Féach 9.2
- Tacaíocht thuismitheoirí (m. sh., cláir thuismitheoirí, clubanna/cumainn shóisialta, grúpaí tacaíochta do theaghlaigh a bhfuil páiste le míchumas acu, &rl.)
- Seirbhísí eile COLO (m. sh., grúpaí tuismitheoirí agus lapadáin linbh, naíolanna, feighlithe páistí, bunscoileanna, cláir tar éis na scoile, iar-bhunscoileanna agus coláistí, &rl.) Féach 3.3
- Tacaíocht oideachasúil/foghlaimeora (m. sh., scoileanna, deiseanna aos-oideachais, eagraíochtaí oiliúna, &rl.)
- Cultúrtha (m. sh., amharclainna, ionaid cheoil, musaeim, ionaid ealaíne, leabharlanna, ionaid oidhreachta, clubanna spóirt, grúpaí deonacha [m. sh., drámaíocht, damhsa], &rl.)
- Sóisialta agus comhshaoil (m. sh., páirceanna agus gairdíní, saoráidí spóirt, staisiún dóiteáin, Gardaí, feirmeacha oscailte, gáirdín ainmhithe, pictiúrlann, &rl.)
- Idirlíon/láithreáin ghréasáin

16.1.2 Cén chaoi a gcuireann tú an t-eolas seo ar fáil agus feasacht á tarraingt ar na hacmhainní seo?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Úsáid cláir fógraí, ceantar eolais/láithreán ghréasáin
- Nuachtlitir/leabhráin do thuismitheoirí/r-phost
- Seisiúin/tráthnónta roinnt eolais sa suíomh
- Turais/turais pháirce/rannpháirtíocht in eachtraí pobail

16.1.3 Cén chaoi a chuireann tú an pobal ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí a sholáthraíonn do shuíomh chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus do theaghlaigh?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Nuachtlitir
- Láithreán ghréasáin
- Cruinnithe eolais
- Nasc leis na meáin áitiúla

16

*Lámhleabhar Síolta*

# Comhpháirt 16.2

**Tá ceangail curtha ar bun ag an suíomh a bhfuil sé de chumas acu rannpháirtíocht an tsuímh leis an bpobal mór a leathnú agus a fhorbairt.**

## → Deis Mhachnaimh

16.2.1 Cé chomh heolasach atá tú faoi na rólanna, na freagrachtaí, na cláir agus na seirbhísí atá ag eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le páistí agus le teaghlaigh i do phobal áitiúil?

16.2.2 Cén chaoi a mbaineann tú úsáid as na háiseanna agus na seirbhísí seo chun cur le taithí, feasacht agus tuiscint na bpáistí agus na dtuismitheoirí ar a bpobal áitiúil féin?

Féach 2.5 Féach 7.4

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- An timpeallacht nádúrtha (m. sh., páirceanna, trá, coillte, sléibhte, &rl.)
- Páirc, linn snámha, fearainn spóirt
- Pictiúrlann, amharclann, leabharlann
- Ollmhargadh, oifig an phoist, bláthadóirí

# Comhpháirt 16.3

**Tá an suíomh ceangailte, comhtháite leis an bpobal áitiúil, an pobal réigiúnda agus an pobal náisiúnta.**

## → Deis Mhachnaimh

16.3.1 Cé chomh mór is atá do shuíomh páirteach go gníomhach i líonraí ag an leibhéal áitiúil, réigiúnda agus náisiúnta a thugann tacaíocht agus a chuireann le baint amach do chuspóirí agus do spriocanna?

16.3.2 Céard iad na páirtnéireachtaí agus caidrimh phroifisiúnta atá forbartha le heagraíochtaí agus le seirbhísí pobail, agus le daoine proifisiúnta eile?

16.3.3 Céard iad na hacmhainní agus na háiseanna i do phobal áitiúil a mbaineann tú úsáid astu go rialta chun cur le taithí na bpáistí i do shuíomh agus chun í a shaibhriú, agus an méid a dtéann an timpeallacht i bhfeidhm orthu?

Féach 7.4 Féach 14.2 / 14.3

# Comhpháirt 16.4

**Cuireann an suíomh saoránacht páistí ina bpobal áitiúil, a bpobal réigiúnda agus a bpobal náisiúnta chun cinn go gníomhach.** Féach 14.2 / 14.3

## → Deis Mhachnaimh

16.4.1 Cén chaoi a ndéanann tú iarracht cinntiú go ndéantar co-ordú go rialta idir gníomhaíochtaí an tsuímh agus áiseanna pobail agus/nó scoileanna áitiúla?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Polasaí aistrithe Féach 13.2
- Cumainn Áitritheoirí
- Tionscadail phobail (m. sh., ionaid ealaíne, grúpaí óige, bailte slachtmhara, áitribh seanóirí, &rl.
- Grúpaí spóirt

16.4.2 Cén chaoi a gcuireann tú ar chumas naíonán agus páistí óga a bheith i láthair/páirt a ghlacadh in eachtraí agus gníomhaíochtaí sa phobal?

### Smaoinigh ar: (m. sh.)

- Turais, turais pháirce
- Rannpháirtíocht in eachtraí pobail (m. sh., lá an mhargaidh, aonaigh scoile, mórshiúil Lá Fhéile Pádraig, &rl.)

- Ag éascú cuairteanna don suíomh ó ionadaithe ó raon acmhainní pobail (m. sh., Gardaí, oifigeach dóiteáin, siopadóir, leabharlannaí, ealaíontóir, scéalaí, &rl.)
  Féach 3.2 Féach 14.2
- Ag tabhairt ról do pháistí i bpáirtnéireachtaí le seirbhísí eile (m. sh., ag tabhairt cuairte ar an teach altranais áitiúil, ag déanamh airgid ar son dídean na n-ainmhithe, tionscadail eiceolaíochta, &rl.)
- Faisnéis áitiúil, gníomhaíochtaí timpeallachta agus cultúrtha a chomhtháthú isteach sa churaclam/clár
  Féach 7.3

# Aguisín 1
# Polasaithe agus Nósanna Samplacha1*

Seo liosta samplach de pholasaithe agus nósanna imeachta. Ba cheart é a úsáid mar threoir. Tá sé mar fhreagracht, áfach, ag gach suíomh a bpolasaithe agus a nósanna imeachta ábhartha féin a chinntiú.

**For-ráitis**

- Eiteas/Fealsúnacht
- Ráiteas Misin
- Aidhmeanna agus Cuspóirí
- Prionsabail

**Sláinte agus Sábháilteacht**

- Cosaint na bpáistí
- Nós imeachta tuairiscithe i leith cosaint páistí
- Frith-maistíneacht
- Comh-dheiseanna
- Tinneas
- Leigheas
- Eisiamh
- Bia/cothú
- Turais
- Bailiú páistí
- Slándáil
- Na limistéir a bhfuil rochtain ag an bpáiste/na páistí orthu
- Cosaint gréine
- Timpistí, tarluithe agus gortuithe
- Sláinteachas
- Plean tubaiste/tine
- Gartharrtháil
- Láimhsiú láimhe
- Cosc ar thobac
- Siondróm Bás Tobann Naíonáin (SIDS)
- Cuairteanna foirne leighis ar an scoil
- Timpeallacht oibre sláintiúil
- Doirteadh
- Am leithris
- Nós imeachta chun folcadh a thabhairt do pháiste
- Míolta Cinn
- Sláinteachas bia/sláinte agus sábháilteacht
- Diúscairt dramhaíola
- Troscán/feisteas/trealamh
- Áitreabh
- Spás lasmuigh
- Foréigean
- HIV/AIDS
- Hepatítis

**Leas an Pháiste**

- Cearta na bpáistí
- Rannpháirtíocht páistí
- Cláir pleanála (m. sh. Walk Tall)
- Comh-dheiseanna agus cothromas sóisialta
- Riachtanais speisialta
- Teanga
- Cur chuige dearfach i leith iompair

- Socrú isteach/páistí cráite
- Éadaí
- Rudaí ón mbaile
- Ag baint greim
- Teilifíseán/Físeán/DVD/Idirlíón
- Luachanna spioradálta, cultúrtha, morálta agus sóisialta

**Curaclam**

- Pleanála
- Idirghníomhaíocht duine fásta/páiste
- Beannachtaí/Imeachtaí
- Aistrithe
- Ithe agus cothú
- Ligint scíthe
- Am glanadh suas
- Am grúpa beag agus grúpa mór
- Am taobh amuigh
- Pleanáil le haghaidh breathnóireachta
- Prionsabail mheasúnaithe
- Coinneáil taifid/scríbhneoireacht tuarascála éifeachtach

**Páirtnéireacht le Teaghlaigh agus Ceangal**

- Naisc bhaile/duine lárnach (m. sh. Múinteoir HSCL)
- Rúndacht
- Ról tuismitheoirí/caomhnóra
- Naisc phobail
- Naisc reachtúla
- Naisc dheonacha
- Comhcomhairle
- Nós imeachta maidir le gearáin

**Acmhainní Daonna**

- Earcú
- Comh-dheiseanna
- Oiliúint
- Cruinnithe foirne
- Tacaíocht agus maoirseacht
- Luachálacha
- Nós imeachta insealbhaithe
- Treoirlínte do mhic léinn/oibrithe deonacha
- Comh-dheiseanna fostaíochta
- Nós imeachta gearáin
- Timpistí agus gortuithe

**Riaracháin**

- Admhálacha
- Tuairimí/gearáin
- Coinneáil taifid
- Páistí a tharraingt siar
- Árachas
- Nósanna imeachta airgeadais

# Aguisín 2
# Liosta Samplach Reachtaíochta agus Rialacháin*

Seo liosta samplach de reachtaíocht agus rialachán. Ba cheart é a úsáid mar threoir. Tá sé mar fhreagracht, áfach, ag gach suíomh a chreatlach reachtaíochta agus rialála ábhartha féin a chinntiú.

**Reachtaíocht COLO**

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1992)
- An tAcht Oideachais (1998)
- Children First - National Guidelines for the Protection and Welfare of Children (1999)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- Our Duty to Care - The Principles of Good Practice for the Protection of Children and Young People (2002)
- Education for Persons with Special Educational Needs (2004)
- Rules for National Schools (1965) (agus Ciorcláin dá éis sin de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta)

**Dlíthe Fostaíochta**

- Achtanna um Chánach Ioncaim (agus Airgeadais) (1967)
- Achtanna Um Íocaíochtaí Iomarcaíochta (1967 - 2003)
- Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta (1973 - 2001)
- Acht na nGiúiréithe (1976)
- Acht um Chaomhnú Fostaíochta (1977) agus Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Caomhnú Fostaíochta) (2000)
- Achtanna um Dhífhostú Éagórach (1977 - 2001)
- Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) (1977 - 2001)
- Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) (1984 -1991)
- Acht Caidrimh Thionscail (1990 agus 2001)
- Acht na bPinsean (1990 agus 2002)
- Acht Íocaíochta Tuarastail (1991)
- Terms of Employment (Information) Acts (1994 agus 2001)
- Maternity Protection Acts (1994 agus 2004)
- Adoptive Leave Act (1995)
- Protection of Young Persons (Employment) Act (1996)
- Organisation of Working Time Act (1997) agus Organisation of Working Time (Records) (Prescribed Form and Exemptions) Regulations (2001)
- Acht um Shaoire Tuismitheora (1998)
- Acht um Chomhionannas Fostaíochta (1998)
- European Communities (Parental Leave) Regulations (2000)
- Carer's Leave Act (2001)
- Protection of Employees (Part-time Work) Act (2001)
- Protection of Employees (Fixed Term Work) Act (2003)
- European Communities (Protection of Employees on Transfer of Undertakings) Regulations (2003)

**Comhionannas**

- Acht in aghaidh Idirdhealú (Pá) (1974)
- Achtanna um Stádas Comhionann (2000 - 2004)
- Equality Act (2004)

**Sláinte agus Sábháilteacht**

- Infectious Diseases Regulations (1981 - 2003)
- Acht Sábháilteachta Tine (1981)
- EC (Quality of Water intended for Human Consumption) Regulations (1988 agus 2003)
- Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989 agus 2005)
- Safety, Health and Welfare at Work (Ginearálta Application) Regulations (1993 - 2005)
- Safety, Health and Welfare at Work (Miscellaneous Welfare Provisions) Regulations (1995)
- Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (1998)
- Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí (1998)
- EC (Official Control of Foodstuffs) Regulation (1998)
- EC Hygiene of Foodstuffs Regulation (2000)
- Public Health (Tobacco) Acts (2002 agus 2004)

**Tógáil agus Pleanáil**

- Acht um Rialú Foirgníochta (1990)
- Building Regulations Technical Guidance Documents (1997 - 2004)
- Building Control Regulations (1997 agus 2004)
- Building Regulations (1997 - 2002)
- Planning and Development Act (2000)

**Cosaint Sonraí**

- Acht um Shaoráil Faisnéise (1997 agus 2003)
- Acht um Chosaint Sonraí (1988 agus 2003)

Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 – 0761106834 nó 1890 213434; Fax 0761106843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 0761106834 or 1890 213434; Fax: 0761106843)
or through any bookseller.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

© 2017 An tAonad Beartas um Oideachais sna Luathbhlianta

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Teil: 01 647 3050

Ríomhphost: earlychildhood@education.gov.ie

www.siolta.ie

www.education.ie

www.dcya.ie

www.aistearsiolta.ie

*Síolta*, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige
ISBN: 978-1-4064-2941-1

*Síolta* – Lámhleabhar Cúram Lae Lánaimseartha agus Páirtaimseartha
ISBN: 978-1-4064-2941-1

© 2010 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Gach ceart ar chosaint. Ceadaítear sleachta as an bhfoilseachán seo a úsáid chun críocha oideachasúla ach an foilsitheoir a admháil.

Arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus arna pháirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

**Tuilleadh eolais ó:**
An tAonad Beartas um Oideachais sna Luathbhlianta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
43-49 Bóthair Mespil
Baile Átha Cliath 4
D04 YP52
Fón (01) 6473050
Ríomhphost: earlychildhood@education.gov.ie

www.siolta.ie
www.education.ie
www.dcya.ie
www.aistearsiolta.ie

ISBN 978-1-4064-2974-9
9 781406 429749

€5.00